2026/1731

22.7.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/1731 ÓN gCOIMISIÚN

an 15 Iúil 2026

lena leasaítear Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2977, (AE) 2024/2979, (AE) 2024/2980 agus (AE) 2024/2982 a mhéid a bhaineann leis na caighdeáin agus na sonraíochtaí is infheidhme

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/93/CE ([1]), agus go háirithe Airteagal 5a(23) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chun an leibhéal comhchuibhithe is airde a áirithiú i measc na mBallstát maidir le forbairt Tiachóg Eorpach Céannachta Digití, beidh na sonraíochtaí teicniúla le haghaidh na dtiachóg ag brath ar an obair a rinneadh ar bhonn Mholadh (AE) 2021/946 ón gCoimisiún ([2]) agus go háirithe an creat ailtireachta agus tagartha. Ós rud é go bhfuil forbairt mhór tagtha ar an gcreat ailtireachta agus tagartha ó Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2977 ([3]), (AE) 2024/2979 ([4]), (AE) 2024/2980 ([5]), agus (AE) 2024/2982 ([6]) ón gCoimisiún, ba cheart na Rialacháin Cur Chun Feidhme sin a leasú anois chun iad a ailíniú le caighdeáin, sonraíochtaí agus nósanna imeachta nua.

I gcomhréir le cuspóirí Rialachán (AE) Uimh. 910/2014, roghnaíodh roinnt caighdeán chun na ceanglais shonracha sin a chomhlíonadh. Ba cheart na caighdeáin sin a bheith ina léiriú ar chleachtais sheanbhunaithe agus ba cheart iad a aithint go forleathan laistigh de na hearnálacha ábhartha. Mar shampla, ós rud é go n-úsáidtear formáid W3C VCDM mar fhormáid tagartha le haghaidh dearbhuithe go háirithe san earnáil oideachais, leis na Tiachóga Eorpacha Céannachta Digití ba cheart tacú leis an bhformáid sin freisin nuair a bheidh na próifílí nua ar fhormáid VCDM W3C ar fáil. I gcás inar gá, ba cheart na caighdeáin sin a oiriúnú nó a chomhlánú chun slándáil agus iontaofacht Tiachóg Eorpach Céannachta Digití a áirithiú, agus idir-inoibritheacht trasteorann agus feidhmiú éifeachtach an mhargaidh inmheánaigh á n-éascú an tráth céanna.

(2) Chun aon úsáid a bhaint as an tiachóg lena gceanglaítear portráid an úsáideora tiachóige a chur i láthair, ní mór do na réitigh tiachóige tacú le feidhmiúlacht an nochta roghnaithigh agus ní mór an nochtadh a bheith faoi rialú iomlán an úsáideora. Chun cosaint a thabhairt don chumas cinneadh a dhéanamh maidir le nochtadh, agus chun cosaint a thabhairt don phortráid ar iarraidh neamhbheartaithe nó neamhúdaraithe ar nochtadh, ba cheart foráil a dhéanamh le dearadh ailtireachta na dTiachóg Eorpach Céannachta Digití maidir le sásraí rabhaidh agus maidir le gach idirbheart a bhaineann le húsáid na portráide a logáil. Chun a áirithiú go bhfuil an t-úsáideoir tiachóige ar an eolas faoi shonraí bithmhéadracha a chomhroinnt, ba cheart a léiriú leis na rabhaidh go mbíonn comhroinnt sonraí

([1]) IO L 257, 28.8.2014, lch. 73, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/910/oj.

([2]) Moladh (AE) 2021/946 ón gCoimisiún an 3 Meitheamh 2021 maidir le Bosca Coiteann Uirlisí de chuid an Aontais le haghaidh cur chuige comhordaithe i dtreo Creat Eorpach um Chéannacht Dhigiteach (IO L 210, 14.6.2021, lch. 51, ELI: http://data.europa.eu/eli/reco/2021/946/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2977 ón gCoimisiún an 28 Samhain 2024 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le sonraí sainaitheantais duine agus ríomhdhearbhuithe tréithe arna n-eisiúint do Thiachóga Céannachta Digití Eorpaí (IO L, 2024/2977, 4.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/2977/oj).

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2979 ón gCoimisiún an 28 Samhain 2024 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le sláine agus croífheidhmiúlachtaí na dTiachóg Céannachta Digití Eorpaí (IO L, 2024/2979, 4.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/2979/oj).

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2980 ón gCoimisiún an 28 Samhain 2024 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le fógraí chuig an gCoimisiún a bhaineann le héiceachóras na dTiachóg Céannachta Digití Eorpaí (IO L, 2024/2980, 4.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/2980/oj).

([6]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2982 ón gCoimisiún an 28 Samhain 2024 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le prótacail agus comhéadain a bhfuil an Creat um Chéannacht Dhigiteach Eorpach le tacú leo (IO L, 2024/2982, 4.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/2982/oj).

bithmhéadracha i gceist leis an iarraidh agus go gceanglaítear go sonrach ar an úsáideoir an nochtadh a dheimhniú. I gcás ina bpróiseálann páirtí is úsáideoir an phortráid chun duine nádúrtha a shainaithint go huathúil nó chun céannacht mhaíte an duine sin a dheimhniú, tá feidhm ag Airteagail 6 agus 9 de Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([7]) chomh maith le gach ceanglas eile den Rialachán sin, lena n-áirítear an ceanglas gur cheart an phróiseáil a dhéanann na páirtithe is úsáideoirí ar an bportráid a bheith teoranta don mhéid is gá don úsáid atá beartaithe. Ba cheart an úsáid atá beartaithe a chur in iúl don úsáideoir tiachóige, in éineacht leis an iarraidh ar nochtadh, i dteanga shoiléir intuigthe. Chun íogaireacht na sonraí bithmhéadracha a mheas go cuí, ba cheart don úsáideoir tiachóige nochtadh na portráide a dheimhniú go sainráite agus go sonrach. Mura gcuirtear tic sna boscaí nó má chuirtear tic iontu roimh ré, níor cheart é sin a mheas mar dheimhniú ón úsáideoir tiachóige. Ba cheart deimhniú sainráite an úsáideora tiachóige a bheith ina choimirce theicniúil agus níor cheart é a bheith ina fhoras dlíthiúil le haghaidh próiseála. Mar a leagtar amach i mír 4 d'Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2016/679, féadfaidh na Ballstáit coinníollacha breise a choinneáil ar bun nó a thabhairt isteach, lena n-áirítear teorainneacha, maidir le próiseáil sonraí géiniteacha, sonraí bithmhéadracha nó sonraí a bhaineann leis an tsláinte.

(3) Chun a ndóthain ama a thabhairt do na Ballstáit a nósanna imeachta náisiúnta a oiriúnú, ní fhéadfaidh portráid an úsáideora tiachóige a bheith ina cuid de na sonraí sainaitheantais duine sainordaitheacha maidir leis an duine nádúrtha ach amháin ón 11 Lúnasa 2028. I gcás ina bhfaightear na híomhánna sin ó dhoiciméid aitheantais atá ann cheana, amhail cártaí aitheantais nó pasanna, tá feidhm ag na ceanglais ábhartha a leagtar síos i Rialachán (AE) 2025/1208 ([8]) nó i Rialachán (CE) Uimh. 2252/2004 ([9]) ón gComhairle faoi seach.

(4) Ceanglaítear le Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 go bhfuil tiachóga in ann Trustmharc na Tiachóige Eorpaí Céannachta Digití a thaispeáint, mar léiriú infhíoraithe, simplí agus inaitheanta gur soláthraíodh tiachóg i gcomhréir leis an Rialachán. Tacóidh úsáid Trustmhairc den sórt sin le feidhmiú éifeachtach an mhargaidh inmheánaigh, ráthóidh sí iomaíocht chóir agus cosnóidh sí leasanna tomhaltóirí. Chun gur féidir Trustmharc den sórt sin a úsáid, ba cheart saintréithe amhairc agus teicniúla an Trustmhairc a bhunú.

(5) Mar a leagtar amach in Airteagal 12b de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014, ceadóidh geatóirí do sholáthraithe na dTiachóg Eorpach Céannachta Digití agus d'eisitheoirí modhanna ríomh-shainaitheantais ar tugadh fógra fúthu idir-inoibritheacht éifeachtach a bheith acu leis an gcóras oibriúcháin céanna nó leis na gnéithe crua-earraí nó bogearraí céanna agus, chun críoch idir-inoibritheachta, rochtain a bheith acu orthu. Tá an idir-inoibritheacht éifeachtach agus an rochtain sin le soláthar saor in aisce agus gan beann ar cé acu atá nó nach bhfuil na gnéithe crua-earraí nó bogearraí sin ina gcuid den chóras oibriúcháin, cé acu atá nó nach bhfuil siad ar fáil don gheatóir sin nó cé acu atá nó nach bhfuil siad á n-úsáid ag an ngeatóir sin agus na seirbhísí sin á soláthar aige. Ós rud é gur cheart do gach réiteach tiachóige tacú le tacar coiteann prótacal agus comhéadan chun inúsáidteacht, slándáil agus idir-inoibritheacht a áirithiú ar fud na mBallstát, ba cheart do gheatóirí an córas oibriúcháin nó na gnéithe crua-earraí nó bogearraí a chumasú a bhfuil gá leo chun na prótacail agus na comhéadain a leagtar amach in Iarscríbhinn XII a ghabhann leis an Rialachán seo a chur chun feidhme. Sa chomhthéacs sin, i sreafaí trasghairis ar líne, i gcás na seiceála gaireachta fisicí agus an aistrithe sonraí idir an dá ghaireas araon, ba cheart do gheatóirí tús áite a thabhairt do chainéal cumarsáide áitiúil arna chumasú ag leagan 2.3 de shonraíocht an Phrótacail 'Cliant go Fíordheimhnitheoir' (CTAP) ([10]) seachas seirbhísí tolláin hibridigh CTAP a úsáid.

(6) Chun a ndóthain ama a thabhairt do na Ballstáit, do sholáthraithe deimhnithe clárúcháin páirtí is úsáideoir tiachóige agus do sholáthraithe tiachóg chun é a chur ar a gcumas d'aonaid tiachóige deimhnithe clárúcháin páirtí is úsáideoir tiachóige a fhíordheimhniú agus a bhailíochtú, níor cheart feidhm a bheith ag an gceanglas sin ach amháin ón 11 Lúnasa 2028.

(7) Tá feidhm ag Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus, i gcás inarb ábhartha, ag Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([11]) maidir leis na gníomhaíochtaí próiseála sonraí pearsanta uile faoin Rialachán seo.

([7]) Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/679/oj).

([8]) Rialachán (AE) 2025/1208 ón gComhairle an 12 Meitheamh 2025 maidir le neartú a dhéanamh ar shlándáil cártaí aitheantais shaoránaigh an Aontais agus doiciméad cónaithe arna n-eisiúint do shaoránaigh an Aontais agus baill dá dteaghlaigh a fheidhmíonn a gceart chun saorghluaiseachta (IO L, 2025/1208, 20.6.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/1208/oj).

([9]) Rialachán (CE) Uimh. 2252/2004 ón gComhairle an 13 Nollaig 2004 maidir le caighdeáin i ndáil le gnéithe slándála agus bithmhéadracht i bpasanna agus i ndoiciméid taistil arna n-eisiúint ag Ballstáit (IO L 385, 29.12.2004, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2004/2252/oj).

([10]) Caighdeán beartaithe Fido Alliance, Prótacal 'Cliant go Fíordheimhnitheoir' (CTAP), an 26 Feabhra 2026.

([11]) Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2002 maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le príobháideachas a chosaint san earnáil cumarsáide leictreonaí (an Treoir maidir le príobháideachas agus cumarsáid leictreonach) (IO L 201, 31.7.2002, lch. 37, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2002/58/oj).

(8) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([12]) agus thug sé tuairim uaidh an 17 Aibreán 2026 ([13]).

(9) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an choiste a bunaíodh le hAirteagal 48 de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2977

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2977 mar a leanas:

(1) cuirtear isteach an tAirteagal 3a seo a leanas:

'*Airteagal 3a*

An phortráid a chosaint

1. I dteannta na gceanglas faisnéise de bhun Rialachán (AE) 2016/679, áiritheoidh soláthraithe tiachóg go n-eiseofar leis na réitigh tiachóige a sholáthraíonn siad rabhaidh d'úsáideoirí tiachóige i gcás ina n-iarrfaidh páirtithe is úsáideoirí tiachóige go nochtfar an phortráid, lena léireofar go mbíonn comhroinnt sonraí bithmhéadracha i gceist leis an iarraidh agus go n-éilítear léi nochtadh roghnaitheach na portráide a dheimhniú.

2. Chun nochtadh roghnaitheach na portráide do pháirtí is úsáideoir tiachóige a chur chun feidhme, áiritheoidh na soláthraithe tiachóg go gceanglóidh na réitigh tiachóige ar an úsáideoir tiachóige cur i láthair na portráide a dheimhniú go sainráite agus go sonrach.

3. Ní choinneoidh páirtithe is úsáideoirí tiachóige an phortráid ach amháin más gá próiseáil a dhéanamh uirthi chun críoch sainaitheanta agus fíordheimhnithe i gcomhréir le dlí an Aontais maidir le cosaint sonraí nó i gcás ina ndéantar foráil maidir leis sin le dlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta, i gcomhréir le dlí an Aontais maidir le cosaint sonraí. Ní aistreofar an phortráid chuig tríú tíortha ná chuig eagraíochtaí idirnáisiúnta ach amháin má cheadaítear sin le dlí an Aontais maidir le cosaint sonraí.';

(2) in Airteagal 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Comhlíonfaidh ríomhdhearbhuithe tréithe arna n-eisiúint d'aonaid tiachóige ceann amháin ar a laghad de na caighdeáin a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2979.';

(3) In Airteagal 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4, pointe (b):

'(b) i gcás ina ndearnadh dearbhú aonaid tiachóige an aonaid tiachóige ar eisíodh na sonraí sainaitheantais duine dó a chúlghairm;';

(4) cuirtear an téacs a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad na hIarscríbhinne.

([12]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).

([13]) Barúlacha foirmiúla ó MECS maidir leis an dréacht-Rialachán Cur Chun Feidhme a mhéid a bhaineann leis na caighdeáin agus na sonraíochtaí is infheidhme agus lena gceartaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2980 |an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí.

Airteagal 2

Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2979

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2979 mar a leanas:

(1) in Airteagal 3, scriostar mír 2;

(2) in Airteagal 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1, pointe (a):

'(a) go ndéanfaidh siad oibríochtaí cripteagrafacha tiachóige lena mbaineann sócmhainní criticiúla, a stóráiltear i ngaireas cripteagrafach slán tiachóige agus nach bhfuil gá leo chun an t-úsáideoir tiachóige a fhíordheimhniú ach amháin i gcásanna ina bhfuil úsáideoirí tiachóige fíordheimhnithe go rathúil ag na feidhmchláir sin;';

(3) cuirtear isteach an tAirteagal 5a seo a leanas:

'*Airteagal 5a*

Sásraí cripteagrafacha

Chun críocha mhír 2 d'Airteagal 4, ní úsáidfidh soláthraithe tiachóg ach na sásraí cripteagrafacha dá dtagraítear in Iarscríbhinn Ia.';

(4) leasaítear Airteagal 6 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Déanfaidh soláthraithe tiachóg dearbhuithe aonaid tiachóige a eisiúint le haghaidh gach aonaid tiachóige. Déanfaidh soláthraithe tiachóg na dearbhuithe aonaid tiachóige a shíniú nó a shéalú ar bhealach inar féidir na sínithe nó na séalaí a bhailíochtú trí bhíthin deimhniú a liostaítear i gcomhréir le hIarscríbhinn II, roinn 2, pointe (1), litir (h), de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2980.';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 2:

'2. Áiritheoidh soláthraithe tiachóg go gcomhlíonfaidh na dearbhuithe aonaid tiachóige dá dtagraítear i mír 1 na sonraíochtaí teicniúla a leagtar amach in Iarscríbhinn Ib.';

(c) i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

'(b) sásraí slána sainaitheantais agus fíordheimhnithe a sholáthar d'úsáideoirí tiachóige, atá neamhspleách ar aonaid tiachóige';

(5) in Airteagal 9, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2, pointe (b):

'(b) ainm, sonraí teagmhála, agus aitheantóir uathúil an pháirtí is úsáideoir tiachóige chomhfhreagraigh agus an Bhallstáit ina bhfuil an páirtí is úsáideoir tiachóige sin bunaithe;';

(6) in Airteagal 10, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Áiritheoidh soláthraithe tiachóg gur féidir leis na haonaid tiachóige a sholáthraíonn siad ríomhdhearbhuithe tréithe arna n-eisiúint i gcomhréir leis na sonraíochtaí teicniúla is infheidhme maidir le beartais nochta leabaithe choiteanna a leagtar amach in Iarscríbhinn III a phróiseáil.';

(7) leasaítear Airteagal 12 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2, pointe (c):

'(c) sínithe nó séalaí a chruthú i gcomhréir ar a laghad le formáid shainordaitheach an tsínithe nó an tséala dá dtagraítear in Iarscríbhinn IV;';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'3. Féadfar na feidhmchláir cruthaithe sínithe a chomhtháthú in áisc tiachóige nó féadfar iad a bheith seachtrach dóibh.';

(c) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

'4. Tacóidh na feidhmchláir cruthaithe sínithe a úsáideann aonaid tiachóige ar a laghad leis an gcomhéadan feidhmchláir dá dtagraítear in Iarscríbhinn IV.';

(8) in Airteagal 14, scriostar mír 1;

(9) cuirtear isteach an tAirteagal 14a seo a leanas:

'*Airteagal 14a*

Trustmharc na Tiachóige Eorpaí Céannachta Digití

1. Áiritheoidh soláthraithe tiachóg go dtaispeánfaidh aonaid tiachóige Trustmharc na Tiachóige Eorpaí Céannachta Digití. Beidh Trustmharc na Tiachóige Eorpaí Céannachta Digití san fhoirm a leagtar amach in Iarscríbhinní VI agus VII.

2. Áiritheoidh soláthraithe tiachóg go gcuirfidh aonaid tiachóige ar a gcumas d'úsáideoirí tiachóige rochtain a fháil ar fhaisnéis lena gcuirfear ar a gcumas dóibh stádas deimhniúcháin an réitigh tiachóige a fhíorú. Chun na críche sin, áiritheoidh soláthraithe tiachóg, tar éis réiteach tiachóige a chlárú, go n-áireofar sna haonaid tiachóige chomhfhreagracha na URLanna arna soláthar ag an gCoimisiún Eorpach le haghaidh an fhíoraithe sin. Áiritheoidh soláthraithe tiachóg go mbeidh rochtain ag a n-aonaid tiachóige ar shonraí Thrustmharc na Tiachóige Eorpaí Céannachta Digití a chomhlíonann na sonraíochtaí teicniúla a leagtar amach in Iarscríbhinn VIII.

3. Is iad Pantone Uimh. 661 agus 116 dathanna tagartha Thrustmharc na Tiachóige Eorpaí Céannachta Digití, sin nó gorm (100 % cian + 67 % maigeanta + 0 % buí + 40 % dubh) agus buí (0 % cian + 20 % maigeanta + 100 % buí + 0 % dubh), i gcás ina n-úsáidtear próiseas ceithre dhath; i gcás ina n-úsáidtear dathanna RGB, gorm (0 dearg + 51 glas + 153 gorm) agus buí (255 dearg + 204 glas + 0 gorm) a bheidh sna dathanna tagartha.

4. Ní fhéadfar Trustmharc na Tiachóige Eorpaí Céannachta Digití a úsáid i ndubh agus bán mar a leagtar amach in Iarscríbhinn VII ach amháin i gcás nach bhfuil sé indéanta dath a úsáid.

5. I gcás ina n-úsáidtear Trustmharc na Tiachóige Eorpaí Céannachta Digití ar chúlra dorcha, féadfar é a úsáid i bhformáid dhiúltach agus úsáid á baint as an dath cúlra céanna. I gcás ina n-úsáidtear leagan daite de Thrustmharc na Tiachóige Eorpaí Céannachta Digití ar chúlra daite, rud a fhágann gur deacair é a fheiceáil, féadfar imlíne teormharcála timpeall Thrustmharc na Tiachóige Eorpaí Céannachta Digití a úsáid chun feabhas a chur ar an gcodarsnacht leis na dathanna cúlra.

6. Beidh íosmhéid 64 × 85 phicteilín ag 150 dpi ag Trustmharc na Tiachóige Eorpaí Céannachta Digití.

7. Áiritheoidh soláthraithe tiachóg go n-úsáidfear Trustmharc na Tiachóige Eorpaí Céannachta Digití ar bhealach lena gcumasófar léiriú soiléir ar an aonad tiachóige lena mbaineann Trustmharc na Tiachóige Eorpaí Céannachta Digití. Féadfaidh Trustmharc na Tiachóige Eorpaí Céannachta Digití a bheith bainteach le heilimintí grafacha nó téacsúla lena léirítear go soiléir an t-aonad tiachóige dá n-úsáidtear é, ar choinníoll nach n-athróidh siad a inaitheantacht mar Thrustmharc na Tiachóige Eorpaí Céannachta Digití, ná nach n-athróidh siad an nasc le liosta na dTiachóg Eorpach Céannachta Digití deimhnithe dá dtagraítear in Airteagal 5d de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014.

8. I gcás ina mbeidh dearbhú aonaid tiachóige cúlghairthe ag soláthraithe tiachóg, áiritheoidh siad nach mbeidh Trustmharc na Tiachóige Eorpaí Céannachta Digití á thaispeáint a thuilleadh ag an aonad tiachóige comhfhreagrach.'.

(10) cuirtear Iarscríbhinní Ia agus Ib isteach mar a leagtar amach in Iarscríbhinn II agus Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo.

(11) cuirtear Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn II.

(12) cuirtear Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn III.

(13) leasaítear Iarscríbhinn IV i gcomhréir le hIarscríbhinn VI a ghabhann leis an Rialachán seo.

(14) scriostar Iarscríbhinn V.

(15) déantar an téacs a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Rialachán seo a chur isteach mar Iarscríbhinn VI.

(16) déantar an téacs a leagtar amach in Iarscríbhinn VIII a ghabhann leis an Rialachán seo a chur isteach mar Iarscríbhinn VII.

(17) déantar an téacs a leagtar amach in Iarscríbhinn IX a ghabhann leis an Rialachán seo a chur isteach mar Iarscríbhinn VIII.

Airteagal 3

Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2980

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2980 mar a leanas:

1. in Airteagal 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

   ‘2. I gcás inarb infheidhme, déanfaidh an Coimisiún liosta a bhunú, a choinneáil ar bun agus a fhoilsiú ina dtiomsófar an fhaisnéis ar thug na Ballstáit fógra fúithi maidir le soláthraithe tiachóg, soláthraithe sonraí sainaitheantais duine, soláthraithe deimhnithe rochtana páirtí is úsáideoir tiachóige agus soláthraithe deimhnithe clárúcháin páirtí is úsáideoir tiachóige, dá dtagraítear in Iarscríbhinn II, ranna 2, 3, 4 agus 5.’;

2. Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2980 mar a leagtar amach in Iarscríbhinn X a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 4

Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2982

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2982 mar a leanas:

(1) in Airteagal 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘(2) tréithe sonraí sainaitheantais duine agus ríomhdhearbhuithe tréithe a chur i láthair páirtithe is úsáideoirí tiachóige;’;

(2) leasaítear Airteagal 3 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír (1):

‘(1) go bhfíordheimhneofar agus go mbailíochtófar deimhnithe rochtana an pháirtí is úsáideoir tiachóige i gcás ina mbíonn siad ag idirghníomhú le páirtithe is úsáideoirí tiachóige gan forghníomhú na bpróiseas sin a tharmligean chuig brabhsálaí córais oibriúcháin nó chuig feidhmchlár idirmheánach eile;’;

(b) scriostar mír (2);

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír (3):

‘(3) go bhfíordheimhneofar agus go mbailíochtófar iarrataí a dhéantar trí úsáid a bhaint as deimhnithe rochtana páirtí is úsáideoir tiachóige;’;

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír (4):

‘(4) an deimhniú clárúcháin páirtí is úsáideoir tiachóige a fhíordheimhniú agus a bhailíochtú;’;

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír (5):

‘(5) go dtaispeánfar d’úsáideoirí tiachóige faisnéis atá i ndeimhnithe rochtana na bpáirtithe is úsáideoirí tiachóige;’;

(f) scriostar mír (8);

(g) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír (9):

‘(9) nach gcuirfidh siad aon tréith a iarrtar i láthair páirtithe is úsáideoirí tiachóige go dtí go mbeidh na céimeanna seo a leanas curtha i gcrích:

(a) fíorú gur próiseáladh beartais nochta leabaithe laistigh den aonad tiachóige i gcomhréir le hAirteagal 10 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2979;

(b) fíorú go bhfuil an cur i láthair formheasta, go páirteach nó go hiomlán, ag úsáideoirí tiachóige.’;

(3) in Airteagal 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Áiritheoidh soláthraithe tiachóg go dtacóidh réitigh tiachóige leis na prótacail agus na comhéadain a leagtar amach in Iarscríbhinn I chun sonraí sainaitheantais duine agus ríomhdhearbhuithe tréithe a eisiúint d’aonaid tiachóige.’;

(4) leasaítear Airteagal 5 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1 agus 2:

‘1. Áiritheoidh soláthraithe tiachóg go dtacóidh réitigh tiachóige le prótacail agus comhéadain chun tréithe a chur i láthair páirtithe is úsáideoirí tiachóige go cianda agus, i gcás inarb iomchuí, i ngaireacht, i gcomhréir leis na sonraíochtaí teicniúla a leagtar amach in Iarscríbhinn II.

2. Áiritheoidh soláthraithe tiachóg, arna iarraidh sin d’úsáideoirí, go bhfreagróidh aonaid tiachóige d’iarrataí arna bhfíordheimhniú agus arna mbailíochtú go rathúil ó pháirtithe is úsáideoirí tiachóige dá dtagraítear in Airteagal 3, i gcomhréir leis na sonraíochtaí teicniúla a leagtar amach in Iarscríbhinn II.’;

(b) scriostar mír 5.

(5) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 8:

‘*Airteagal 8*

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag Airteagal 3(4) ón 11 Lúnasa 2028.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.’.

(6) scriostar an Iarscríbhinn.

(7) déantar an téacs a leagtar amach in Iarscríbhinn XI a ghabhann leis an Rialachán seo a chur isteach mar Iarscríbhinn I.

(8) déantar an téacs a leagtar amach in Iarscríbhinn XII a ghabhann leis an Rialachán seo a chur isteach mar Iarscríbhinn II.

Airteagal 5

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 15 Iúil 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

'IARSCRÍBHINN

Sonraíochtaí teicniúla maidir leis na sonraí sainaitheantais duine dá dtagraítear in Airteagal 3(3)

(1) Roinn 1: Tacar sonraí sainaitheantais duine nádúrtha

Tábla 1

Sonraí sainaitheantais duine sainordaitheacha maidir leis an duine nádúrtha le haghaidh nochtadh roghnaitheach

Aitheantóir sonraí	Sainmhíniú
`family_name`	Sloinne nó sloinnte reatha an úsáideora lena mbaineann na sonraí sainaitheantais duine.
`given_name`	Céadainm nó céadainmneacha reatha, lena n-áirítear lárainm nó lárainmneacha i gcás inarb infheidhme, an úsáideora lena mbaineann na sonraí sainaitheantais duine.
`birth_date`	An lá, an mhí agus an bhliain a rugadh an t-úsáideoir lena mbaineann na sonraí sainaitheantais duine.
`birth_place`	An tír mar chód tíre alpha-2 mar a shonraítear in ISO 3166-1, nó an stát, an cúige, an ceantar, nó an limistéar áitiúil nó an bardas, an chathair, an baile nó an sráidbhaile inar rugadh an t-úsáideoir lena mbaineann na sonraí sainaitheantais duine.
`nationality`	Cód tíre alpha-2 amháin nó níos mó mar a shonraítear in ISO 3166-1, lena léirítear náisiúntacht an úsáideora lena mbaineann na sonraí sainaitheantais duine.
`portrait`	Ach amháin i gcás ina roghnaíonn an t-úsáideoir gan bheith páirteach go sainráite, i gcás inarb infheidhme, íomhá d'aghaidh an úsáideora lena mbaineann na sonraí sainaitheantais duine, a chomhlíonann na ceanglais cháilíochta le haghaidh cineál íomhá tosaigh iomláin mar a leagtar amach in ISO/IEC 39794-5, nó, le haghaidh comhoiriúnacht shiarghabhálach, ISO/IEC 19794-5, clásail 8.2, 8.3, agus 8.4, a sholáthraítear mar shonraí íomhá ionchódaithe gan na ceanntáisc ná na bloic mar a shonraítear i gclásal 5 de ISO/IEC 19794-5 ach amháin i gcás na sonraí íomhá féin (JPEG), beidh feidhm acu sin ón 11 Lúnasa 2028.

— Féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh go mbeidh an rogha ag an úsáideoir diúltú an phortráid a chur isteach sna sonraí sainaitheantais duine.

— Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh feidhm ag an nochtadh roghnaitheach maidir le gach aitheantóir sonraí, lena n-áirítear an phortráid.

— I gcás nach eol dáta breithe an duine nádúrtha, roghnóidh na Ballstáit luachanna iomchuí a chomhlíonann na sonraíochtaí a leagtar amach i ranna 4.1 nó 4.2 (de réir mar is iomchuí) den Iarscríbhinn seo.

— I gcás nach eol náisiúntacht an duine nádúrtha, úsáidfidh na Ballstáit an luach 'QU'.

— I gcás nach bhfuil náisiúntacht ag an duine nádúrtha, úsáidfidh na Ballstáit an luach 'QS'.

— I gcás ina roghnaíonn an t-úsáideoir gan an phortráid a chur san áireamh, fágfaidh na Ballstáit an luach folamh.

Tábla 2

Sonraí sainaitheantais duine roghnacha maidir leis an duine nádúrtha le haghaidh nochtadh roghnaitheach

Aitheantóir sonraí	Sainmhíniú
resident_address	Seoladh iomlán na háite ina bhfuil cónaí faoi láthair ar an úsáideoir lena mbaineann na sonraí sainaitheantais duine nó inar féidir teagmháil a dhéanamh leis (ainm sráide, uimhir tí, cathair, etc.).
resident_country	An tír ina bhfuil cónaí faoi láthair ar an úsáideoir lena mbaineann na sonraí sainaitheantais duine, mar chód tíre alpha-2 mar a shonraítear in ISO 3166-1.
resident_state	An stát, an cúige, an ceantar, nó an limistéar áitiúil ina bhfuil cónaí faoi láthair ar an úsáideoir lena mbaineann na sonraí sainaitheantais duine.
resident_city	An bardas, an chathair, an baile nó an sráidbhaile ina bhfuil cónaí faoi láthair ar an úsáideoir lena mbaineann na sonraí sainaitheantais duine.
resident_postal_code	Cód poist na háite ina bhfuil cónaí faoi láthair ar an úsáideoir lena mbaineann na sonraí sainaitheantais duine.
resident_street	Ainm na sráide ar a bhfuil cónaí faoi láthair ar an úsáideoir lena mbaineann na sonraí sainaitheantais duine, lena n-áirítear uimhir an tí agus aon táthmhír nó iarmhír lena ngabhann.
personal_administrative_number	Luach a shanntar don úsáideoir lena mbaineann na sonraí sainaitheantais duine atá uathúil i measc na n-uimhreacha riaracháin pearsanta uile a eisíonn an soláthraí sonraí sainaitheantais duine. I gcás ina roghnaíonn na Ballstáit an tréith sin a chur san áireamh, tabharfaidh siad tuairisc ina scéimeanna ríomhshainaitheantais faoina n-eisítear na sonraí sainaitheantais duine ar an mbeartas a chuirfidh siad i bhfeidhm maidir le luachanna na tréithe sin, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, coinníollacha sonracha maidir le próiseáil an luacha sin.
family_name_birth	Sloinne nó sloinnte an úsáideora lena mbaineann na sonraí sainaitheantais duine tráth na breithe.
given_name_birth	Céadainm nó céadainmneacha, lena n-áirítear lárainm nó lárainmneacha, an úsáideora lena mbaineann na sonraí sainaitheantais duine tráth na breithe.
sex	Is ceann díobh seo a leanas a bheidh sna luachanna: 0 = ní fios; 1 = fireann; 2 = baineann; 3 = eile; 4 = idir; 5 = éagsúil; 6 = oscailte; 9 = neamhbhainteach; I gcás luachanna 0, 1, 2 agus 9, tá feidhm ag ISO/IEC 5218.
email_address	Seoladh ríomhphoist an úsáideora lena mbaineann na sonraí sainaitheantais duine [i gcomhréir le RFC 5322 ([1])].

Aitheantóir sonraí	Sainmhíniú
`mobile_phone_number`	Uimhir fóin póca an úsáideora lena mbaineann na sonraí sainaitheantais duine, ag tosú leis an tsiombail '+' mar réamhuimhir idirnáisiúnta agus an cód tíre, agus uimhreacha amháin ina dhiaidh sin.

([1]) P. Resnick, Eag., 'Internet Message Format,' RFC 5322, Deireadh Fómhair 2008.

(2) Roinn 2: Tacar sonraí sainaitheantais duine dhlítheanaigh

Tábla 3

Sonraí sainaitheantais duine sainordaitheacha maidir leis an duine dlítheanach

Aitheantóir sonraí
ainm dlíthiúil reatha
aitheantóir uathúil arna thógáil ag an mBallstát seolta i gcomhréir leis na sonraíochtaí teicniúla chun críoch sainaitheanta trasteorann agus ar bhealach atá chomh seasmhach agus is féidir ó thaobh ama de

— I gcás nach eol aitheantóir sonraí don duine nó nach féidir é a eisiúint ar shlí eile mar chuid den tacar sonraí sainaitheantais duine, ina ionad sin úsáidfidh na Ballstáit luach tréithe is iomchuí don chás.

Tábla 4

Sonraí sainaitheantais duine roghnacha maidir leis an duine dlítheanach

Aitheantóir sonraí
seoladh reatha
uimhir aitheantais CBL
uimhir thagartha cánach
aitheantóir uathúil Eorpach dá dtagraítear i dTreoir (AE) 2017/1132 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1])
Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh (LEI) dá dtagraítear i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1860 ón gCoimisiún ([2])
Clárú agus Aitheantas Oibreoirí Eacnamaíocha (EORI) dá dtagraítear i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1352/2013 ón gCoimisiún ([3])
uimhir mháil dá bhforáiltear in Airteagal 2(12) de Rialachán (AE) Uimh. 389/2012 ón gComhairle ([4])

([1]) Treoir (AE) 2017/1132 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2017 maidir le gnéithe áirithe de dhlí na gcuideachtaí (IO L 169, 30.6.2017, lch. 46), ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2017/1132/oj).

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1860 ón gCoimisiún an 10 Meitheamh 2022 lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme i dtaca le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin, formáidí, minicíocht agus modhanna agus socruithe maidir le tuairisciú, arna cheartú le (IO L, 262, 7.10.22, lch. 68, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2022/1860/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1352/2013 ón gCoimisiún an 4 Nollaig 2013 lena mbunaítear na foirmeacha dá bhforáiltear i Rialachán (AE) Uimh. 608/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le forfheidhmiú custaim ceart maoine intleachtúla (IO L 341, 18.12.2013, lch. 10, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2013/1352/oj).

([4]) Rialachán (AE) Uimh. 389/2012 ón gComhairle an 2 Bealtaine 2012 maidir le comhar riaracháin i réimse na ndleachtanna máil agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2073/2004 (IO L 121, 8.5.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/389/oj).

(3) Roinn 3: Tacar meiteashonraí faoi shonraí sainaitheantais duine

Tábla 5

Meiteashonraí faoi na sonraí sainaitheantais duine

Aitheantóir sonraí	Sainmhíniú	Láithreacht
`issuing_authority`	Ainm an údaráis riaracháin a d'eisigh na sonraí sainaitheantais duine, nó cód tíre alpha-2 ISO 3166 an Bhallstáit lena mbaineann i gcás nach bhfuil aon údarás ar leith ann atá i dteideal sonraí sainaitheantais duine a eisiúint.	sainordaitheach
`issuing_country`	Cód tíre alpha-2, mar a shonraítear in ISO 3166-1, thír nó chríoch an tsoláthraí sonraí sainaitheantais duine.	sainordaitheach
`expiry_date`	An dáta (agus, más féidir, an t-am) a rachaidh tréimhse bailíochta riaracháin na sonraí sainaitheantais duine in éag.	roghnach
`document_number`	Uimhir le haghaidh na sonraí sainaitheantais duine, arna sannadh ag an soláthraí sonraí sainaitheantais duine.	roghnach
`issuing_jurisdiction`	Cód foroinne tíre na dlínse a d'eisigh na sonraí sainaitheantais duine, mar a shonraítear in ISO 3166-2:2020, Clásal 8. Beidh an chéad chuid den chód mar an gcéanna le luach na tíre eisiúna.	roghnach
`issuance_date`	An dáta, agus más féidir, an t-am, a thosaigh tréimhse bailíochta riaracháin na sonraí sainaitheantais duine.	roghnach

(4) Roinn 4: Ionchódú tréithe sonraí sainaitheantais duine nádúrtha

— Eiseofar sonraí sainaitheantais duine nádúrtha i gcomhréir leis na caighdeáin a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2979, clásail 5 (formáid SD-JWT VC) agus 6 (formáid ISO/IEC-mdoc) de réir mar is infheidhme maidir le ríomhdhearbhuithe tréithe. Ní bheidh feidhm ag clásail 5.2.2, 5.2.4, 5.2.5, EAA-6.1-03, 6.2.2, 6.2.3,6.2.4 agus 6.2.5.

— Comhlíonfaidh ionchódú sonraí sainaitheantais duine nádúrtha na sonraíochtaí teicniúla i ranna 4.1 agus 4.2 den Iarscríbhinn seo.

4.1 Sonraí sainaitheantais duine nádúrtha a ionchódú i bhformáid ISO/IEC-mdoc

— Is é 'eu.europa.ec.eudi.pid.1' an cineál dearbhaithe a bheidh ann le haghaidh sonraí sainaitheantais duine i bhformáid ISO/IEC mdoc. Is é 'eu.europa.ec.eudi.pid.1' aitheantóir an ainmspáis le haghaidh thréithe na sonraí sainaitheantais duine a leagtar amach san Iarscríbhinn seo.

— I gcás ina n-áirítear sna sonraí sainaitheantais duine sonraí nach leagtar amach aitheantóirí sonraí ina leith san Iarscríbhinn seo, saineofar na sonraí sin laistigh d'ainmspás sonraí sainaitheantais duine intíre a úsáideann an fhormáid ghinearálta eu.europa.ec.eudi.pid.[cód tíre alpha-2 ISO 3166-1 nó cód réigiúin ISO 3166-2] agus ponc roghnach agus uimhir leagain roghnach ina dhiaidh.

— I gcás ina n-úsáidtear an t-ainmspás intíre, foilseofar a scéim, lena n-áirítear gach aitheantóir sonraí, a sainmhínithe, a láithreacht agus a bhformáidí ionchódaithe, i gcomhréir le hAirteagal 8 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1569 ([1]) ón gCoimisiún.

— Áireofar na sonraí sainaitheantais duine agus a meiteashonraí a leagtar amach i ranna 1 agus 3 den Iarscríbhinn seo in eilimintí sonraí sainaitheantais duine de réir bhrí shonraíochtaí formáide ISO/IEC mdoc.

— Beidh eochair phoiblí sa bhall deviceKey laistigh den bhall deviceKeyInfo den ásc de chineál MobileSecurityObject.

— Comhfhreagróidh an eochair phoiblí sin d'eochair phríobháideach a stóráiltear i ngaireas cripteagrafach slán tiachóige ('WSCD') an úsáideora tiachóige.

— Beidh na paraiméadair cheanntáisc x5u agus x5t, atá sonraithe in RFC 9360 ([2]), i gCeanntásc Cosanta an tsínithe dhigitigh CB-AdES lena sínítear sonraí sainaitheantais duine i bhformáid ISO/IEC-mdoc.

— Is é SHA-256 an haisalgartam a úsáidfear i bparaiméadar ceanntáisc x5t.

— Leagtar amach i dTábla 6 na ceanglais maidir le sonraí sainaitheantais duine a ionchódú i bhformáid ISO/IEC-mdoc:

Tábla 6

Ceanglais maidir le sonraí sainaitheantais duine a ionchódú i bhformáid ISO/IEC-mdoc

Aitheantóir sonraí	Aitheantóir tréithe	Formáid ionchódaithe
family_name	family_name	tstr
given_name	given_name	tstr
birth_date	birth_date	full-date
birth_place	place_of_birth	place_of_birth
nationality	nationality	nationalities
resident_address	resident_address	tstr
resident_country	resident_country	tstr
resident_state	resident_state	tstr
resident_city	resident_city	tstr
resident_postal_code	resident_postal_code	tstr
resident_street	resident_street	tstr
personal_administrative_number	personal_administrative_number	tstr
portrait	portrait	bstr
family_name_birth	family_name_birth	tstr
given_name_birth	given_name_birth	tstr
sex	sex	uint

([1]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1569 ón gCoimisiún an 29 Iúil 2025 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le ríomhdhearbhuithe tréithe cáilithe agus ríomhdhearbhuithe tréithe arna soláthar ag comhlacht earnála poiblí atá freagrach as foinse bharántúil nó thar a cheann (IO L, 2025/1569, 30.7.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/1569/oj).

([2]) J. Schaad, *'CBOR Object Signing and Encryption (COSE): Header Parameters for Carrying and Referencing X.509 Certificates'* (https://datatracker.ietf.org/doc/rfc9360/).

Aitheantóir sonraí	Aitheantóir tréithe	Formáid ionchódaithe
email_address	email_address	tstr
mobile_phone_number	mobile_phone_number	tstr
expiry_date	expiry_date	tdate nó full-date
issuing_authority	issuing_authority	tstr
issuing_country	issuing_country	tstr
document_number	document_number	tstr
issuing_jurisdiction	issuing_jurisdiction	tstr
issuance_date	issuance_date	tdate nó full-date

— Sa nodaireacht maidir le formáid ionchódaithe na dtréithe a shonraítear i dTábla 6, úsáidfear cineálacha léirithe mar a shonraítear in RFC 8610 ([3]), leis na ceanglais bhreise seo a leanas:

(a) déanfar tstr a ionchódú in UTF-8;

(b) tacóidh tstr leis an raon iomlán Unicode;

(c) beidh 150 carachtar ar a mhéad ag tstr;

(d) déanfar dáta a ionchódú mar a shonraítear in RFC 8943 ([4]);

(e) déanfar dáta iomlán a léirmhíniú mar #6.1004(tstr), i gcás ina bhfuil tag 1004 mar a shonraítear in RFC 8943;

(f) beidh teaghrán dáta-ama mar a shonraítear in RFC 3339 ([5]) i dtréith tdate;

(g) beidh teaghrán full-date mar a shonraítear in RFC 3339 i dtréith full-date, i gcomhréir le RFC 8943;

(h) le léiriú ar dháta i dtréithe, ní úsáidfear an méid seo a leanas, mura léirítear a mhalairt:

— codáin de shoicindí;

— fritháireamh áitiúil ó AUL, agus socrófar an fritháireamh ama a shonraítear in RFC 3339 ag ‘Z’.

(i) beidh slánuimhir lena ngabhann mórchineálacha 0 agus 1 chomh beag agus is féidir, mar a shonraítear in RFC 8949 ([6]), roinn 4.2;

(j) beidh ceann amháin ar a laghad de na péirí eochairluacha seo a leanas i place_of_birth: ‘country’, ‘region’, nó ‘locality’;

(k) beidh léiriú an fhaid i bstr, i tstr, in eagar nó i léarscáil chomh gearr agus is féidir, mar a shonraítear in RFC 8949, roinn 4.2;

([3]) C. Vigano agus H. Birkholz, *‘Concise Data Definition Language (CDDL): A Notational Convention to Express Concise Binary Object Representation (CBOR) and JSON Data Structures,’* RFC 8610, Meitheamh 2019.
([4]) M. Jones, A. Nadalin agus J. Richter, *‘Concise Binary Object Representation (CBOR) Tags for Date,’* RFC 8943, Samhain 2020.
([5]) G. Klyne agus C. Newman, *‘Date and Time on the Internet: Timestamps,’* RFC 3339, Iúil 2002.
([6]) C. Bormann agus P. Hoffman, *‘Concise Binary Object Representation (CBOR),’* RFC 8949, Nollaig 2020.

(l) déanfar tréith na náisiúntachta a ionchódú mar eagar de chóid tíre alpha-2 mar a shonraítear in ISO 3166-1. I gcás ina n-úsáidtear nodaireacht CDDL mar a shonraítear in RFC 8610, is é a bheidh in ionchódú na tréithe sin:

— nationalities = [+ CountryCode];

— CountryCode = tstr ; cód tíre alpha-2 a shonraítear in ISO 3166-1;

— i gcás ina bhfuil náisiúntachtaí iomadúla ag úsáideoir tiachóige lena mbaineann na sonraí sainaitheantais duine agus ina ndearbhaíonn an soláthraí sonraí sainaitheantais duine na náisiúntachtaí iomadúla sin, féadfaidh an soláthraí sonraí sainaitheantais duine na náisiúntachtaí uile a áireamh sna sonraí sainaitheantais duine;

— déanfar an tréith place_of_birth a ionchódú mar chineál place_of_birth. I gcás ina n-úsáidtear nodaireacht CDDL mar a shonraítear in RFC 8610, is é a bheidh in ionchódú na tréithe sin:

place_of_birth =

{

? 'country': tstr ; cód tíre alpha-2 aonair a shonraítear in ISO 3166-1

? 'region': tstr ; ainm stáit, cúige, ceantair nó limistéir áitiúil

? 'locality': tstr ; ainm bardais, cathrach, baile nó sráidbhaile

}

4.2 Ceanglais maidir le sonraí sainaitheantais duine a ionchódú i bhformáid SD-JWT VC

— Áireofar na sonraí sainaitheantais duine agus a meiteashonraí a shonraítear sa roinn seo i sonraí sainaitheantais duine mar mhaímh de réir bhrí shonraíochtaí formáide SD-JWT VC.

— Na maímh uile sna sonraí sainaitheantais duine eisithe, dá dtagraítear sa fhleasc roimhe seo, beifear in ann iad a nochtadh go roghnaitheach ina n-aonar, seachas na maímh sin a shainítear mar mhaímh nach féidir a nochtadh go roghnaitheach i bhformáid SD-JWT VC.

— Sonraítear i dTábla 7 ionchódú ainmneacha maímh ar ainmneacha poiblí iad.

— Sonraítear i dTábla 8 ionchódú ainmneacha maímh a bhaineann go sonrach leis na sonraí sainaitheantais duine.

— Teaghrán JSON a úsáidtear i sonraí sainaitheantais duine atá ionchódaithe in SD-JWT VC, déanfar é a ionchódú in UTF-8 agus tacóidh sé leis an raon Unicode iomlán, mura sonraítear a mhalairt go sainráite i dTábla 8 thíos nó sna tagairtí atá ann.

— Úsáidfear na maímh JWT nbf agus exp mar a shainmhínítear in RFC 7519 ([7]) chun tréimhse bhailíochta theicniúil na sonraí sainaitheantais duine a chomhlíonann formáid SD-JWT VC a chur in iúl.

([7]) J. Jones, et al., *'JSON Web Token (JWT),'* RFC 7519, Bealtaine 2015.

— Ionchorprófar i sonraí sainaitheantais duine an maíomh cnf mar a shainmhínítear in RFC 7800 ([8]), a bheidh ina eochair phoiblí a ghinfear ó eochair phríobháideach a stóráiltear in WSCD aonad tiachóige na n-úsáideoirí tiachóige.

— Beidh na paraiméadair cheanntáisc x5u agus x5t#S256, atá sonraithe in RFC 7515 ([9]), i gCeanntásc Cosanta an tsínithe dhigitigh lena sínítear sonraí sainaitheantais duine i bhformáid SD-JWT VC.

Tábla 7

Ceanglais maidir le sonraí sainaitheantais duine a ionchódú i bhformáid SD-JWT VC trí ainmneacha poiblí a úsáid

Aitheantóir sonraí	Aitheantóir tréithe	Formáid ionchódaithe
`family_name`	`family_name`	teaghrán
`given_name`	`given_name`	teaghrán
`birth_date`	`birthdate`	teaghrán, ISO 8601-1, formáid BBBB-MM-LL
`birth_place`	`place_of_birth`	struchtúr JSON
`nationality`	`nationalities`	eagar sreang
`resident_address`	`address.formatted`	teaghrán
`resident_country`	`address.country`	teaghrán
`resident_state`	`address.region`	teaghrán
`resident_city`	`address.locality`	teaghrán
`resident_postal_code`	`address.postal_code`	teaghrán
`resident_street`	`address.street_address`	teaghrán
`family_name_birth`	`birth_family_name`	teaghrán
`given_name_birth`	`birth_given_name`	teaghrán
`email_address`	`email`	teaghrán
`mobile_phone_number`	`phone_number`	teaghrán
`portrait`	`picture`	teaghrán; URL sonraí ina bhfuil portráid base64-ionchódaithe i bhformáid JPEG

([8]) M. Jones, et al., *'Proof-of-Possession Key Semantics for JSON Web Tokens (JWTs),'* RFC 7800, Aibreán 2016.
([9]) M. Jones, et al., *'JSON Web Signature (JWS),'* RFC 7515, Bealtaine 2015.

Tábla 8

Ceanglais maidir le sonraí sainaitheantais duine a ionchódú i bhformáid SD-JWT VC trí ainmneacha poiblí a úsáid

Aitheantóir sonraí	Aitheantóir tréithe	Formáid ionchódaithe
`expiry_date`	`date_of_expiry`	teaghrán, ISO 8601-1, formáid BBBB-MM-LL
`issuance_date`	`date_of_issuance`	teaghrán, ISO 8601-1, formáid BBBB-MM-LL
`personal_administrative_number`	`personal_administrative_number`	teaghrán
`sex`	`sex`	uimhir
`issuing_authority`	`issuing_authority`	teaghrán
`issuing_country`	`issuing_country`	teaghrán
`document_number`	`document_number`	teaghrán
`issuing_jurisdiction`	`issuing_jurisdiction`	teaghrán

— Is é ‘urn:eudi:pid:1’ bunchineál na sonraí sainaitheantais duine, a áirítear sa mhaíomh vct. Bainfidh na sonraí sainaitheantais duine uile úsáid as cineálacha san ainmspás ‘urn:eudi:pid:’.

— I gcás ina n-áirítear le sonraí sainaitheantais duine tréith nach sonraítear san Iarscríbhinn seo, saineofar na tréithe sin laistigh de chineál intíre.

— I gcás ina n-úsáidtear an cineál intíre, saineofar a scéim, lena n-áirítear gach aitheantóir sonraí, a sainmhínithe, a láithreacht agus a bhformáidí ionchódaithe, i scéim a fhoilsítear i gcomhréir le hAirteagal 8 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1569.

(5) Roinn 5: Mionsonraí faoin mbonneagar iontaoibhe

Le liosta na soláthraithe sonraí sainaitheantais duine arna gcur ar fáil ag an gCoimisiún i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2980 , cumasófar fíordheimhniú na sonraí sainaitheantais duine.’

IARSCRÍBHINN II

'IARSCRÍBHINN Ia

Sásraí cripteagrafacha dá dtagraítear in Airteagal 5a

An Grúpa Eorpach um Dheimhniú Cibearshlándála, Foghrúpa maidir le Cripteagrafaíocht: '*Agreed Cryptographic Mechanisms*' [Sásraí Cripteagrafacha Comhaontaithe] arna bhfoilsiú ag Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil ('ENISA') ([1]).'

([1]) https://certification.enisa.europa.eu/publications/eucc-guidelines-cryptography_en.

IARSCRÍBHINN III

'IARSCRÍBHINN Ib

Sonraíochtaí teicniúla maidir le dearbhuithe aonaid tiachóige dá dtagraítear in Airteagal 6(2a)

(1) Is éard a bheidh i ndearbhú aonaid tiachóige dearbhú áisc tiachóige amháin nó níos mó agus dearbhú eochrach amháin nó níos mó.

(2) Comhlíonfaidh an dearbhú áisc tiachóige agus na dearbhuithe eochrach na ceanglais seo a leanas:

(a) Ceanglais formáide

— FR-WIA-1: Is éard a bheidh i ndearbhú áisc tiachóige JSON Web Token (JWT) mar a shonraítear in RFC 7519 ([1]), arna shíniú nó arna shéalú ag an soláthraí tiachóg trí dhlúthshíniú bonnlíne B JAdES.

— FR-WIA-1.1: Is éard a bheidh i ndearbhú áisc tiachóige dearbhú tiachóige mar a shonraítear i bhFoscríbhinn E a ghabhann le OpenID le haghaidh Eisiúint Dintiúr Infhíoraithe v1.0 ([2]) ('OID4VCI') agus a leathnaítear mar a shonraítear in C-WIA-1 agus C-WIA-2 thíos.

— FR-KA-1: Is éard a bheidh i ndearbhú eochrach JWT mar a shonraítear in RFC 7519, arna shíniú nó arna shéalú ag an soláthraí tiachóg trí dhlúthshíniú bonnlíne B JAdES.

— FR_KA_1.1: Is éard a bheidh i ndearbhú eochrach dearbhú eochrach mar a shonraítear i bhFoscríbhinn D a ghabhann le OID4VCI, a leathnaítear mar a shonraítear in C_KA-1 agus C_KA-2 thíos.

(b) Ceanglais iompair

— TR-WIA-1: Úsáidfidh aonad tiachóige dearbhú áisc tiachóige le linn eisiúint sonraí sainaitheantais duine, ríomhdhearbhuithe tréithe cáilithe nó neamhcháilithe, nó ríomhdhearbhuithe tréithe, arna soláthar ag comhlacht earnála poiblí atá freagrach as foinse bharántúil nó thar a cheann.

— TR-WIA-2: Fíoróidh soláthraí tiachóg sláine an áisc tiachóige agus síneoidh nó séalóidh sé an dearbhú áisc tiachóige.

— TR-WIA-2.1: I gcás ina n-eisíonn soláthraí tiachóg dearbhú áisc tiachóige, beidh an difríocht idir an t-am a d'fhíoraigh an soláthraí tiachóg sláine an áisc tiachóige agus an t-am a léireoidh siad i bparaiméadar ceanntáisc 'exp' an dearbhaithe áisc tiachóige a eisíodh níos lú ná 24 uair an chloig.

— TR-WIA-2.2: Áiritheoidh an soláthraí tiachóg go mbeidh dearbhuithe áisc tiachóige in aonad tiachóige de réir mar is gá chun sonraí sainaitheantais duine agus ríomhdhearbhuithe tréithe a eisiúint.

— TR-WIA-3: Le linn eisiúna, seolfaidh aonad tiachóige dearbhú áisc tiachóige chuig an bhfreastalaí údaraithe san iarraidh ar údarú arna brú agus san iarraidh ar cheadchomhartha, mar a shonraítear in OID4VCI.

— TR-WIA-3.1: Seolfaidh aonad tiachóige an dearbhú áisc tiachóige in éineacht le Cruthúnas ar Sheilbh ('PoP') mar a shonraítear i bhFoscríbhinn E a ghabhann le OID4VCI.

— TR-WIA-3.2: Ní sheolfaidh aonad tiachóige an dearbhú áisc tiachóige céanna ach chuig freastalaí údaraithe amháin.

([1]) RFC 7519: *JSON Web Token (JWT)*, Bealtaine 2015.

([2]) OpenID le haghaidh Eisiúint Dintiúr Infhíoraithe v1.0, https://openid.net/specs/openid-4-verifiable-credential-issuance-1_0.html.

— TR-WIA-3.2,1: I gcás ina n-úsáideann soláthraí tiachóg an rogha ‘per-issuer reuse’ a shonraítear in R_WIA_1 thíos, féadfaidh aonad tiachóige dearbhú áisc tiachóige a sheoladh chuig an bhfreastalaí údaraithe céanna arís agus arís eile.

— TR-WIA-3.2,2: I gcás nach n-úsáideann soláthraí tiachóg an rogha ‘per-issuer reuse’, úsáidfidh aonad tiachóige dearbhú áisc tiachóige i bpróiseas eisiúna amháin ar a mhéad.

— TR-WIA-4: I gcás ina bhfaighidh freastalaí údaraithe dearbhú áisc tiachóige, fíoróidh sé síniú an dearbhaithe áisc tiachóige faoin eochair phoiblí sa deimhniú sínithe a áirítear leis an bparaiméadar ‘x5c’ i gceanntásc JOSE an dearbhaithe áisc tiachóige.

— TR-WIA-4.1: Fíoróidh an freastalaí údaraithe freisin gur féidir an deimhniú sínithe sin a fhíorú le cúltaca iontaoibhe ar liosta na soláthraithe tiachóg dá dtagraítear in Airteagal 5 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2980, rud a d’fhéadfadh úsáid a bhaint as deimhnithe idirmheánacha a áirítear leis an bparaiméadar x5c.

— TR-WIA-4.2: Fíoróidh an freastalaí údaraithe nach bhfuil an dearbhú áisc tiachóige imithe in éag.

— TR-WIA-4.3: Fíoróidh an freastalaí údaraithe síniú an PoP faoin eochair phoiblí atá sa mhaíomh ‘cnf’.

— TR_KA-1: Úsáidfidh aonad tiachóige dearbhú eochrach le linn eisiúint sonraí sainaitheantais duine agus le linn eisiúint ríomhdhearbhuithe tréithe cáilithe nó neamhcháilithe atá gaireascheangailte, nó ríomhdhearbhuithe tréithe arna soláthar ag comhlacht earnála poiblí atá freagrach as foinse bharántúil nó thar a cheann.

— TR_KA-1.1: Ní úsáidfidh aonad tiachóige dearbhú eochrach le linn eisiúint ríomhdhearbhuithe tréithe cáilithe nó neamhcháilithe nach bhfuil gaireascheangailte, nó ríomhdhearbhuithe tréithe arna soláthar ag comhlacht earnála poiblí atá freagrach as foinse bharántúil nó thar a cheann.

— TR_KA-2: Soláthróidh soláthraí tiachóg dearbhuithe eochrach éagsúla d’aonad tiachóige le haghaidh WSCD an aonaid tiachóige agus le haghaidh gach ceann dá stórais eochrach.

— TR_KA-2.1: Déanfaidh an soláthraí tiachóg dearbhú eochrach a shíniú nó a shéalú, tar éis don soláthraí tiachóg a fhíorú go bhfuil na heochracha arna ndearbhú sa dearbhú eochrach stóráilte in WSCD an aonaid tiachóige nó sa stóras eochrach ar a dtugtar tuairisc sa dearbhú eochrach.

— TR_KA-2.2: Beidh eochair phoiblí dhearbhaithe amháin ar a laghad i ndearbhú eochrach. Níor cheart an líon eochracha sa dearbhú eochrach a sheoltar chuig eisitheoir dintiúr a bheith níos mó ná an t-uasmhéid baisce a shonraíonn an t-eisitheoir dintiúr sin ina mheiteashonraí Eisitheora Dintiúr; féach ETSI TS 119 472-3 ([3]), paraiméadar ‘credential_configurations_supported. credential_metadata.credential_reuse_policy.options.batch_size’.

— TR_KA-2.3: Áireoidh soláthraí tiachóg eochair phoiblí (a chomhfhreagraíonn d’eochair phríobháideach a stóráiltear in WSCD nó i stóras eochrach an aonaid tiachóige) i ndearbhú eochrach amháin ar a mhéad.

— TR_KA-2.4: Úsáidfidh aonad tiachóige dearbhú eochrach le linn próiseas eisiúna nó atheisiúna dintiúr amháin ar a mhéad.

— TR_KA-2.5: Áiritheoidh soláthraí tiachóg go mbeidh dearbhuithe eochrach ag aonad tiachóige de réir mar is gá chun sonraí sainaitheantais duine agus ríomhdhearbhuithe tréithe gaireascheangailte a eisiúint.

([3]) ETSI, ‘Ríomhshínithe agus Ríomhbhonneagair (ESI); Sínithe digiteacha JAdES; Cuid 3: leibhéil JAdES agus próifílí bunlíne,’ ETSI TS 119 472-3, V1.1.1, Márta 2026.

— TR_KA-3: I gcás inar gá le linn eisiúna, áireoidh aonad tiachóige dearbhú eochrach sa réimse ‘proofs’ ar Iarraidh ar Dhintiúir chuig an eisitheoir dintiúr, mar a shonraítear in OID4VCI, i gcruthúnas de chineál ‘jwt’ nó de chineál ‘attestation’.

— TR_KA_3.1: I gcás ina n-áirítear dearbhú eochrach in eilimint ‘jwt’ in aonad tiachóige, déanfaidh sé an dearbhú eochrach a shíniú nó a shéalú trí úsáid a bhaint as an eochair phríobháideach a chomhfhreagraíonn don eochair phoiblí ag innéacs 0 den eagar ‘attested_keys’ laistigh den oibiacht ‘key_attestation’.

— TR_KA-4: I gcás ina n-eisíonn eisitheoir dintiúr dintiúir ghaireascheangailte, léireoidh sé sa pharaiméadar ‘proof_types_supported’ ina Mheiteashonraí Eisitheora Dintiúr, mar a shonraítear i Roinn 12.2.4 OID4VCI, go dtacaíonn sé leis na cineálacha cruthúnais ‘jwt’ agus ‘attestation’ araon le haghaidh dearbhuithe eochrach lena n-áireofar an oibiacht ‘key_attestation_required’.

— TR_KA-4.1: I gcás ina n-eisíonn eisitheoir dintiúr dintiúir nach bhfuil gaireascheangailte, fágfar ar lár na paraiméadair ‘proof_types_supported’ agus ‘cryptographic_binding_methods_supported’ i Meiteashonraí an Eisitheora Dintiúr.

— TR_KA-5: I gcás ina bhfaigheann eisitheoir dintiúr dearbhú eochrach i gcineál cruthúnais ‘jwt’ nó ‘attestation’, fíoróidh sé síniú an dearbhaithe eochrach faoin eochair phoiblí sa deimhniú sínithe a áirítear leis an bparaiméadar ‘x5c’ i gceanntásc JOSE an dearbhaithe eochrach agus fíoróidh sé an deimhniú sínithe sin le cúltaca iontaoibhe ar an liosta le haghaidh soláthraithe tiachóg dá dtagraítear in Airteagal 5 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2980, rud a d’fhéadfadh úsáid a bhaint as deimhnithe idirmheánacha a áirítear leis an bparaiméadar x5c’.

— TR_KA-6: I gcás ina bhfaigheann eisitheoir dintiúr dearbhú eochrach de chineál cruthúnais ‘jwt’, fíoróidh sé síniú na heiliminte ‘jwt’ faoin eochair ag innéacs 0 den eagar ‘attested_keys’ laistigh den oibiacht ‘key_attestation’ atá san áireamh san eilimint ‘jwt’.

— TR_KA-6.1: Fíoróidh an eisitheoir dintiúr go n-áirítear c_nonce bailí óna nonce_endpoint sa réimse ‘nonce’ den eilimint ‘jwt’, mar a shonraítear in OID4VCI.

— TR_KA-7: I gcás ina bhfaigheann eisitheoir dintiúr dearbhú eochrach de chineál cruthúnais ‘attestation’, fíoróidh sé go n-áirítear c_nonce bailí óna nonce_endpoint san oibiacht ‘key_attestation’.

— TR_KA-8: Áiritheoidh soláthraí sonraí sainaitheantais duine go mbeidh sonraí sainaitheantais duine ceangailte le heochair phoiblí a thagann ó dearbhú eochrach ina luaitear WSCD.

(c) Ceanglais maidir le hábhar

— C_WIA-1: Beidh na nithe seo a leanas i ndearbhú áisc tiachóige:

— an maíomh ‘wallet_name’ a shonraítear i bhFoscríbhinn E a ghabhann le OID4VCI, i gcás inarb é an luach atá aige aitheantóir an réitigh tiachóige is féidir a fháil ar liosta na soláthraithe tiachóg dá dtagraítear in Airteagal 5 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2980.

— maíomh ‘wallet_version’ ([4]), ar teaghrán é arb é an luach a bheidh aige an leagan den réiteach tiachóige.

— maíomh ‘wallet_solution_ certification_information’, ar oibiacht JSON é ina mbeidh faisnéis faoin gcomhlacht um measúnú comhréireachta a dheimhnigh an réiteach tiachóige, an uimhir deimhniúcháin, de réir mar is infheidhme, agus sonraí ábhartha eile a mhéid a bhaineann le deimhniú.

([4]) Sainmhínítear an maíomh sin sa CIR seo toisc nach cuid den tsonraíocht OID4VCI é.

— maíomh ‘client_status’, ina bhfuil dhá fhoréimse:

— ‘status’: tagairt liosta stádais mar a shonraítear i bhFoscríbhinn E a ghabhann le OID4VCI ar léiriú é ar stádas cúlghairme an áisc tiachóige. Féach roinn (e) thíos chun sonraí a fháil;

— ‘exp’: NumericDate, mar a shonraítear in RFC 7519, lena sainítear an t-am ar go dtí é a choinneoidh an soláthraí tiachóg an stádas cúlghairme ar bun ag innéacs an liosta stádais dá dtagraítear i ‘status’.

— an maíomh ‘exp’ a shonraítear i bhFoscríbhinn E a ghabhann le de OID4VCI.

— NÓTA: Is léiriú é an maíomh ‘client_status.status’ i ndearbhú áisc tiachóige ar stádas cúlghairme an áisc tiachóige, seachas ar stádas cúlghairme an dearbhaithe féin. Mar a thuairiscítear in R_WIA-1 thíos, is féidir le soláthraí tiachóg cinneadh a dhéanamh raon feidhme gach dearbhaithe áisc tiachóige a leathnú chuig freastalaí údaraithe sonrach toisc go bhfuil an luach innéacs céanna san iontráil ‘client_status.status’ i ngach dearbhú a sheoltar chuig an bhfreastalaí sin.

— NÓTA: Is féidir an luach ‘idx’ sa mhaíomh ‘status’ a úsáid mar aitheantóir uathúil (péire) an áisc tiachóige agus an aonaid tiachóige.

— C_WIA-2: Ba cheart a áireamh i dearbhú áisc tiachóige an maíomh ‘wallet_link’ a shonraítear i bhFoscríbhinn E a ghabhann le OID4VCI agus is URI a bheidh i luach an mhaímh sin inar féidir tuilleadh faisnéise a fháil faoin réiteach tiachóige.

— C_WIA-3: Ní dhéanfaidh freastalaí údaraithe an paraiméadar ‘exp’ ar an leibhéal is airde de dhearbhú áisc tiachóige a léirmhíniú mar dheireadh thréimhse coinneála ar bun chúlghairm an áisc tiachóige.

— NÓTA: Léiríonn an paraiméadar ‘exp’ ar an leibhéal is airde de dhearbhú áisc tiachóige an uair a théann an dearbhú féin in éag.

— C_KA-1: Beidh na nithe seo a leanas i ndearbhú eochrach:

— na maímh ‘key_storage’ agus ‘user_authentication’ a shonraítear i bhFoscríbhinn D a ghabhann le OID4VCI.

— Beidh luach ‘iso_18045_high’ ag na tréithe ‘key_storage’ agus ‘user_authentication’ i gcás ina luaitear WSCD i ndearbhú eochrach,

— an maíomh ‘certification’ a shonraítear i bhFoscríbhinn D a ghabhann le OID4VCI, ina bhfuil URL inar féidir faisnéis a fháil faoin deimhniú a bhaintear amach leis an WSCD nó an stóras eochrach - is é sin, go táscach, an scéim amhail Common Criteria nó GlobalPlatform, na ceanglais a ndearnadh meastóireacht orthu amhail an Phróifíl Chosanta is infheidhme, agus an leibhéal meastóireachta.

— Beifear in ann a chinneadh ón bhfaisnéis sin cé acu atá nó nach bhfuil an stóráil eochrach ina WSCD.

— maíomh ‘key_storage_status’, ina bhfuil dhá fhoréimse:

— ‘status’: tagairt liosta stádais mar a shonraítear i bhFoscríbhinn D.1 a ghabhann le OID4VCI. Léirítear leis an luach stádas cúlghairme an WSCD nó an chineáil stórais eochrach a úsáidtear chun na heochracha dearbhaithe a stóráil, nó -- faoin rogha per-key-attestation index -- stádas cúlghairme WSCD nó stórais eochrach aonaid tiachóige aonair. Féach R_KA_1 thíos le haghaidh na roghanna sannta innéacs atá ar fáil;

— ‘exp’: NumericDate, mar a shonraítear in RFC 7519, lena sainítear an t-am ar go dtí é a choinneoidh an soláthraí tiachóg an stádas cúlghairme ar bun ag innéacs an liosta stádais dá dtagraítear i ‘status’.

— an maíomh ‘exp’ a shonraítear i bhFoscríbhinn D a ghabhann le de OID4VCI.

— NÓTA maidir leis an luach ‘idx’ sa mhaíomh ‘key_storage_status.status’ i ndearbhú eochrach: I gcás ina n-úsáideann an soláthraí tiachóg an rogha ‘type-shared index’ (féach R_KA_1 thíos), tá an t-innéacs liosta stádais céanna ag gach dearbhú eochrach le haghaidh an chineáil chéanna WSCD nó stórais eochrach. Dá bhrí sin, níl an luach ‘idx’ uathúil in aghaidh an aonaid tiachóige. Os a choinne sin, i gcás ina n-úsáideann an soláthraí tiachóg an rogha ‘per-key-attestation index’, tá an luach ‘idx’ uathúil don aonad tiachóige (nó uathúil ina phéire in aghaidh an eisitheora dintiúr). I ngach cás, áfach, ní úsáidfidh eisitheoir dintiúr an luach ‘idx’ i ndearbhú eochrach mar aitheantóir aonaid tiachóige, ach ina ionad sin úsáidfidh sé an luach ‘idx’ i ndearbhú áisc tiachóige.

— C_KA-2: I gcás ina seoltar dearbhú eochrach i gcineál cruthúnais ‘attestation’, áireofar c_nonce bailí ann freisin mar a shonraítear i bhFoscríbhinn F.3 a ghabhann le OID4VCI.

— C_KA-3: Ní dhéanfaidh eisitheoir dintiúr an paraiméadar ‘exp’ ar an leibhéal is airde de dhearbhú eochrach a léirmhíniú mar dheireadh thréimhse coinneála ar bun chúlghairm an WSCD nó an stórais eochrach.

— NÓTA: Léiríonn an paraiméadar ‘exp’ ar an leibhéal is airde de dhearbhú eochrach an uair a théann an dearbhú eochrach féin in éag.

(d) Ceanglais saolré

— Sonraítear san Iarscríbhinn seo na paraiméadair seo a leanas de chuid mheiteashonraí an Eisitheora Dintiúr:

— ‘preferred_client_status_period’: OPTIONAL. Slánuimhir lena sonraítear an tréimhse coinneála ar bun stádais is fearr atá fágtha den dearbhú áisc tiachóige atá le cur i láthair ag an aonad tiachóige le linn eisiúna, i soicindí. Sainmhínítear an tréimhse coinneála ar bun stádais atá fágtha mar luach ‘client_status.exp’ sa dearbhú lúide am fála an dearbhaithe.

— ‘preferred_key_storage_status_period’: OPTIONAL. Slánuimhir lena sonraítear an tréimhse coinneála ar bun stádais is fearr atá fágtha den dearbhú eochrach atá le cur i láthair ag an aonad tiachóige le linn eisiúna, i soicindí. Sainmhínítear an tréimhse coinneála ar bun stádais atá fágtha mar luach ‘key_storage_status.exp’ sa dearbhú lúide am fála an dearbhaithe.

— LC_WIA-1: Féadfaidh freastalaí údaraithe a roghanna maidir leis an tréimhse coinneála ar bun stádais atá fágtha a chur in iúl i ndearbhuithe áisc tiachóige tríd an bparaiméadar meiteashonraí ‘preferred_client_status_period’ a áireamh ina chríochphointe meiteashonraí Eisitheora Dintiúr mar a shonraítear i Roinn 12.2.2 de OID4VCI.

— LC_WIA-1.1: Cuirfear an réimse seo ar an leibhéal is airde de mheiteashonraí an Eisitheora Dintiúr.

— LC_WIA_2: Ní dhéanfaidh freastalaí údaraithe an paraiméadar ‘exp’ ar an leibhéal is airde de dhearbhú áisc tiachóige a léirmhíniú mar dheireadh thréimhse coinneála ar bun chúlghairm an áisc tiachóige.

— LC_WIA_3: I gcás ina síneoidh nó ina séalóidh soláthraí tiachóg dearbhú áisc tiachóige, coinneoidh sé stádas cúlghairme an áisc tiachóige ábhartha ar bun go dtí go mbeidh an ‘wallet_instance_status.exp’ a léirítear sa dearbhú áisc tiachóige sin caite.

— LC_KA-1: I gcás ina bhfuil gá le dearbhú eochrach, féadfaidh eisitheoir dintiúr a roghanna maidir leis an tréimhse coinneála ar bun stádais atá fágtha a chur in iúl i ndearbhuithe eochrach tríd an bparaiméadar meiteashonraí ‘preferred_key_storage_status_period’ a shonraítear thuas a áireamh ina chríochphointe Meiteashonraí Eisitheora Dintiúr mar a shonraítear i Roinn 12.2.2 de OID4VCI.

— LC_KA-1.1: Cuirfear an réimse seo laistigh den oibiacht ‘key_attestations_required’ mar a shonraítear i Roinn 12.2.4 de OID4VCI.

— LC_KA-2: Roghnóidh soláthraí tiachóg tréimhse bhailíochta theicniúil na ndearbhuithe eochrach a eisíonn sé.

— LC_KA-3: I gcás ina síneoidh nó ina séalóidh soláthraí tiachóg dearbhú eochrach, coinneoidh sé stádas cúlghairme an WSCD ábhartha nó an stórais eochrach ábhartha ar bun go dtí go mbeidh an ‘key_storage_status.exp’ a léirítear sa dearbhú eochrach sin caite.

— LC_GEN-1: Áiritheoidh soláthraí tiachóg gur féidir le haonad tiachóige dearbhuithe aonaid tiachóige agus dearbhuithe eochrach a chur i láthair i gcónaí a bhfuil a ‘client_status.exp’ agus a ‘key_storage_status.exp’ (faoi seach) 31 lá ar a laghad sa todhchaí tráth a chuirtear i láthair freastalaí údaraithe nó eisitheora dintiúr iad.

— *NÓTA:* Leis sin, ráthaítear gur féidir le soláthraithe sonraí sainaitheantais duine brath ar shlabhrú cúlghairme gan iallach a bheith orthu sonraí sainaitheantais duine gearrshaolacha a eisiúint.

— LC_GEN-2: Áiritheoidh soláthraí tiachóg go ngabhann aonad tiachóige meiteashonraí an Eisitheora Dintiúr le linn eisiúna.

  — LC_GEN_2.1: Má áirítear réimse ‘preferred_key_storage_status_period’ sna meiteashonraí seo, seolfaidh an t-aonad tiachóige dearbhú eochrach ina mbeidh (‘key_storage_status.exp’ – an t-am reatha) – ‘preferred_key_storage_status_period’ chomh beag agus is féidir ach neamhdhiúltach. Mura bhfuil aon dearbhú eochrach den sórt sin ar fáil don aonad tiachóige, gheobhaidh sé dearbhú eochrach nua ón soláthraí tiachóg a chomhlíonann ‘key_storage_status.exp’ – an t-am reatha ≥ ‘preferred_key_storage_status_period’.

  — LC_GEN_2.2: Má áirítear réimse ‘preferred_client_status_period’ sna meiteashonraí seo, seolfaidh an t-aonad tiachóige dearbhú áisc tiachóige ina mbeidh (‘client_status.exp’ – an t-am reatha) – ‘preferred_client_status_period’ chomh beag agus is féidir ach neamhdhiúltach. Mura bhfuil aon dearbhú áisc tiachóige den sórt sin ar fáil don aonad tiachóige, iarrfaidh sé dearbhú áisc tiachóige nua ón soláthraí tiachóg a chomhlíonann ‘client_status.exp’ – an t-am reatha ≥ ‘preferred_client_status_period’.

— LC_GEN-3: Tiocfaidh deireadh le tréimhse bhailíochta theicniúil na sonraí sainaitheantais duine roimh ‘client_status.exp’ an dearbhaithe áisc tiachóige agus roimh ‘key_storage_status.exp’ an dearbhaithe eochrach a sheoltar chuig an soláthraí sonraí sainaitheantais duine sa phróiseas eisiúna.

— LC_GEN-4: Soláthraí sonraí sainaitheantais duine a bhfuil tréimhse bhailíochta theicniúil níos mó ná 24 uair an chloig aige, seiceálfaidh sé stádas cúlghairme an dearbhaithe áisc tiachóige agus an dearbhaithe eochrach a fuarthas le linn eisiúna uair amháin gach 24 uair an chloig ar a laghad, le linn thréimhse bhailíochta theicniúil na sonraí sainaitheantais duine. I gcás ina gcúlghairfear ceachtar acu, déanfaidh an soláthraí na sonraí sainaitheantais duine a chúlghairm.

(e) Ceanglais maidir le cúlghairm

— R_GEN-1: Úsáidfidh soláthraí tiachóg Liostaí Stádais Comharthaí (a shonraítear i Liosta Stádais Comharthaí IETF) mar an sásra cúlghairme le haghaidh dearbhuithe eochrach agus dearbhuithe áisc tiachóige araon, mar a shonraítear i bhFoscríbhinní D agus E a ghabhann le OID4VCI, faoi seach.

— NÓTA: Chun inscálaitheacht a liostaí stádais a fheabhsú, is féidir le soláthraí tiachóg na barrfheabhsuithe seo a leanas a úsáid:

  — An liosta stádais a roinnt ina smutáin iomadúla, i gcás ina bhfuil líon mór úsáideoirí ag na soláthraithe tiachóg agus ina bhfuil dearbhuithe eisithe acu. Tá go leor straitéisí smutála ann, mar shampla straitéisí atá bunaithe ar mhéid socraithe nó straitéisí de réir tréimhse ama. Fágtar an straitéis le haghaidh smutála faoi dhiscréid an tsoláthraí tiachóg. Is féidir méid liosta stádais le híoslódáil agus príobháideachas an úsáideora a chur san áireamh.

  — Níos mó ná liosta stádais amháin a bheith ann.

  — Liosta stádais a chomhbhrú chun a mhéid a laghdú.

— R_WIA-1: Féadfaidh soláthraí tiachóg an luach céanna a shannadh don mhaíomh ‘idx’ sa mhaíomh ‘client_status.status’ i ngach dearbhú áisc tiachóige a chuireann aonad tiachóige ar leith i láthair an fhreastalaí údaraithe chéanna. Tugtar an rogha ‘per-issuer reuse’ air sin. Má úsáidtear an rogha seo:

  — R_WIA-1.1: Luafaidh an t-aonad tiachóige an luach innéacs a d’úsáid sé le haghaidh gach freastalaí údaraithe lenar idirghníomhaigh sé roimhe sin, agus iarrfaidh sé dearbhú áisc tiachóige ina mbeidh an luach innéacs céanna agus é ag idirghníomhú leis an bhfreastalaí údaraithe céanna arís.

  — R_WIA-1.2: I gcás ina bhfaigheann soláthraí tiachóg iarraidh ar dhearbhú áisc tiachóige ina bhfuil luach innéacs sonrach, fíoróidh sé go bhfuair an t-aonad tiachóige iarrthach an luach innéacs sin roimhe sin, sula n-eiseoidh sé dearbhú áisc tiachóige nua ag a bhfuil an luach innéacs sin.

  — R_WIA-1.3: Ní dhéanfaidh an t-aonad tiachóige an luach innéacs céanna a athúsáid le haghaidh idirghníomhaíochtaí le freastalaithe údaraithe éagsúla.

— NÓTA: Má úsáidtear an rogha ‘per-issuer reuse’, beidh an soláthraí tiachóg in ann a chinneadh cé mhéad freastalaí údaraithe a ndearna aonad tiachóige idirghníomhú leo agus cé chomh minic a idirghníomhaíonn sé le gach ceann acu.

— R_WIA-2: Ina bheartas príobháideachais, déanfaidh soláthraí tiachóg a dhoiciméadú cé acu a úsáideann nó nach n-úsáideann sé an rogha ‘per-issuer reuse’ chun ásc tiachóige a chúlghairm.

— R_WIA-3: I gcás nach n-úsáideann soláthraí tiachóg an rogha ‘per-issuer reuse’, sannfaidh an soláthraí tiachóg luach innéacs úr nach féidir a nascadh chuig gach dearbhú áisc tiachóige a eisíonn sé.

— R_WIA-4: I gcás nach mór aonad tiachóige a chúlghairm, cúlghairfidh soláthraí tiachóg na luachanna innéacs sa mhaíomh ‘client_status.status’ i ngach dearbhú áisc tiachóige a bhaineann leis an aonad tiachóige sin.

— R_WIA-5: Cuirfidh soláthraí tiachóg scála a chur in úsáid agus an ailtireacht fholuiteach san áireamh agus méid a liostaí stádais dearbhaithe áisc tiachóige á chinneadh aige, lena n-áiritheofar go mbeidh siad mór go leor chun comhghaol a chosc agus príobháideachas an úsáideora a chosaint. Ar a laghad, bainfidh liosta stádais, i gcás inar féidir, le 10 000 dearbhú ar a laghad.

— R_KA_1: Roghnóidh soláthraí tiachóg ceann de na roghanna sannta innéacs seo a leanas le haghaidh an mhaímh ‘key_storage_status.status’ i ndearbhú eochrach:

  — Rogha 1, ar a dtugtar ‘type-shared index’, ina bhfuil an luach innéacs céanna i ‘key_storage_status.status’ sna dearbhuithe eochrach uile lena ndearbhaítear eochracha atá stóráilte sa chineál céanna WSCD nó stórais eochrach.

  — Rogha 2, ar a dtugtar ‘per-key-attestion index’, ina bhfuil luach innéacs uathúil (péire) i ‘key_storage_status.status’ i ndearbhú eochrach lena ndearbhaítear eochracha atá stóráilte in WSCD aonair nó i stóras eochrach.

— NÓTA: I gcás ina n-úsáideann soláthraí tiachóg rogha 1, déanann gníomh cúlghairme aonair gach dearbhú eochrach den chineál dá ndéantar difear a neamhbhailíochtú ar fud na n-aonad tiachóige uile. Thairis sin, ós rud é go bhfuil innéacs liosta stádais aonair ag gach dearbhú eochrach le haghaidh an chineáil chéanna WSCD nó stórais eochrach, léiríonn an líon iontrálacha ar liosta stádais dearbhaithe eochrach an líon cineálacha WSCD nó stóras eochrach a dtacaíonn an soláthraí tiachóg leo, seachas an líon aonad tiachóige a cuireadh in úsáid. Dá bhrí sin, níl feidhm ag na breithnithe príobháideachais lena spreagtar íosmhéid an liosta stádais le haghaidh liostaí stádais áisc tiachóige maidir le liostaí stádais dearbhaithe eochrach faoi rogha 1, ar choinníoll go bhfuil go leor aonad tiachóige ann a úsáideann an cineál céanna WSCD nó stórais eochrach.

— NÓTA: I gcás ina n-úsáideann soláthraí tiachóg rogha 2, is léiriú é gach innéacs ar staid chúlghairme an WSCD shonraigh nó an stórais eochrach shonraigh arna dhearbhú sa dearbhú eochrach sin.

— NÓTA: I gcás ina n-úsáideann soláthraí tiachóg rogha 2, is féidir WSCD sonrach nó stóras eochrach sonrach a chúlghairm freisin, arna iarraidh sin don Úsáideoir.

— R_KA-2: I gcás ina n-úsáideann soláthraí tiachóg rogha 2, féadfaidh an soláthraí tiachóg an rogha ‘per-issuer reuse’ ar a dtugtar tuairisc in R_WIA-1 a úsáid go roghnach. Má úsáideann an soláthraí tiachóg an rogha sin, beidh feidhm *mutatis mutandis* ag na ceanglais R_WIA-1 - R_WIA-3.

— R_KA-3: I gcás ina n-úsáideann soláthraí tiachóg rogha 2, cuirfidh soláthraí tiachóg scála a chur in úsáid agus an ailtireacht fholuiteach san áireamh agus méid a liostaí stádais dearbhaithe eochrach á chinneadh aige, lena n-áiritheofar go mbeidh siad mór go leor chun comhghaol a chosc agus príobháideachas an úsáideora a chosaint. Ar a laghad, bainfidh liosta stádais, i gcás inar féidir, le 10 000 dearbhú eochrach ar a laghad.

— R_KA-4: I gcás ina n-úsáideann soláthraí tiachóg rogha 1 (type-shared index), ní chúlghairfidh an soláthraí tiachóg iontráil ‘key_storage_status.status’ ach amháin má tá leochaileacht slándála ag baint leis an gcineál WSCD nó leis an gcineál stórais eochrach.

(f) Ceanglais maidir le halgartaim shíniúcháin

— SA-1: Chun dearbhuithe áisc tiachóige, dearbhuithe eochrach, cruthúnais ghaolmhara ar shealúchais agus liostaí stádais comharthaí a shíniú, úsáidfear ceann de na halgartaim seo a leanas:

— ES256 (ECDSA le SHA-256 agus P-256)

— ES384 (ECDSA le SHA-384 agus P-384)

— ES512 (ECDSA le SHA-512 agus P-521)

— SA-2: Roghnóidh soláthraí tiachóg cé acu de na halgartaim a luaitear in SA-1 a úsáidfidh sé.

— SA-3: Tacóidh freastalaí údaraithe nó eisitheoir dintiúr (mar a shonraítear in OID4VCI) leis na halgartaim uile a luaitear in SA-1.’

IARSCRÍBHINN IV

'IARSCRÍBHINN II

An liosta caighdeán dá dtagraítear in Airteagal 8

Tá feidhm ag na sonraíochtaí teicniúla a leagtar amach i gclásail 2 go 6 de ETSI TS 119 472-1 V1.2.1 (2026-02). Léifear iad leis na hoiriúnuithe seo a leanas:

(1) 2.1 Normative references

— [16] ETSI EN 319 412-1 V1.6.1 (2025-06): 'Ríomhshínithe agus Ríomhbhonneagair (ESI); Próifílí Deimhnithe; Cuid 1: Forléargas agus struchtúir choiteanna sonraí'.

— [17] ETSI TS 119 412-6 V1.1.1 (2025-09): 'Ríomhshínithe agus Bonneagair Iontaoibhe (ESI); Próifílí Deimhnithe; Cuid 6: Ceanglais maidir le próifílí deimhnithe le haghaidh soláthraithe sonraí aitheantais phearsanta, tiachóg, ríomhdhearbhuithe tréithe, ríomhdhearbhuithe tréithe cáilithe agus ríomhdhearbhuithe tréithe comhlachtaí earnála poiblí'.

— [25] Liosta Stádais Comharthaí IETF, draft-ietf-oauth-status-list-20: 'Liosta Stádais Comharthaí', an 20 Aibreán 2026.

(2) 4.2.11.1 General requirements

— EAA-4.2.11.1-06: I gcás ina n-úsáidtear eilimint stádais le haghaidh sonraí sainaitheantais duine, ríomhdhearbhuithe tréithe cáilithe, nó ríomhdhearbhuithe tréithe arna soláthar ag comhlacht earnála poiblí atá freagrach as foinse bharántúil nó thar a cheann, ní léireofar ann ach cé acu a chúlghairtear nó nach gcúlghairtear an dearbhú agus ní thacóidh sé le haon luach stádais eile, amhail fionraí.

— EAA-4.2.11.1-06.1: I gcás ina gcúlghairtear dearbhú, cúlghairfear go buan é.

(3) 4.2.13 EAA short-lived

— EAA-4.2.13-03: I gcás ina n-eisítear ríomhdhearbhuithe tréithe gearrshaolacha ag a bhfuil tréimhse bhailíochta 24 uair an chloig nó níos lú, ní bheidh gá le cúlghairm.

(4) 4.6.3 Requirements for EU EAA issued by or on behalf of a public body responsible for an authentic source (PuB-EAA)

— PuB-EAA-4.6.2-03: ar neamhní.

— Pub-EAA-4.6.2-04: ar neamhní.

— PuB-EAA-4.6.3-03: Ba cheart an deimhniú cáilithe a thacaíonn le síniú digiteach PuB-EAA a bheith i síniú digiteach PuB-EAA.

— PuB-EAA-4.6.3-04: Comhlíonfaidh an deimhniú cáilithe a thacaíonn le síniú digiteach PuB-EAA ceanglais chlásal 8 de ETSI TS 119 412-6 v1.1.1 agus beidh ann QcType qcStatement mar a shainmhínítear in ETSI EN 319 412-5 v2.5.1, lena ngabhfaidh an luach id-etsi-qct-eidaspsbeaa arna shainiú mar a leanas:

id-etsi-qct-eidaspsbeaa OBJECT IDENTIFIER ::= { id-etsi-eidas2-qct-extensions 3 } -- Deimhniú dá dtagraítear in Airteagal 45f(1)(b) a thacaíonn le ríomhshíniú cáilithe nó ríomhshéala cáilithe an chomhlachta earnála poiblí dá dtagraítear in Airteagal 3, pointe (46), de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014.

(5) 5.2.10.1 General requirements

— EAA-5.2.10.1-04: ar neamhní.

— EAA-5.2.10.1-05: ar neamhní.

— EAA-5.2.10.1-06: Féadfaidh an ball status_list mar a shonraítear i gclásal 6.2 de IETF draft-ietf-oauth-status-list-20 [25] a bheith sa bhall stádais.

— EAA-5.2.10.1-07: ar neamhní.

— EAA-5.2.10.1-08: ar neamhní.

— EAA-5.2.10.1-09: ar neamhní.

— EAA-5.2.10.1-10: ar neamhní.

— EAA-5.2.10.1-11: ar neamhní.

— EAA-5.2.10.1-12: ar neamhní.

(6) 6.2.10.1 General requirements

— EAA-6.2.10.1-01: I gcás ina n-úsáideann ríomhdhearbhú tréithe atá i gcomhréir le ISO/IEC mdoc an sásra liosta stádais dearbhaithe mar a leagtar amach in EAA-6.2.10.1-02.2 nó an sásra liosta cúlghairme dearbhaithe mar a leagtar amach in EAA-6.2.10.1-02.3, beidh ina Oibiacht Slándála Soghluaiste (MSO) an struchtúr stádais, mar a shonraítear in EAA-6.2.10.1-17, ina bhfuil faisnéis faoi chúlghairm MSO.

— EAA-6.2.10.1-01.1: Agus an sásra liosta aitheantóirí á chur chun feidhme, beidh an eilimint identifier_list mar a leagtar amach in EAA-6.2.10.1-11 san eilimint stádais.

— EAA-6.2.10.1-01.2: Agus an sásra liosta stádais á chur chun feidhme, beidh an eilimint status_list mar a leagtar amach in EAA-6.2.10.1-13 san eilimint stádais.

— *NÓTA:*

  — Tá tagairt sa struchtúr stádais do liosta cúlghairme MSO.

  — Is struchtúr COSE_Sign1 é an liosta cúlghairme MSO a léiríonn cé acu a chúlghairtear nó nach gcúlghairtear MSO ar leith.

  — Sa struchtúr stádais tá an fhaisnéis uile is gá chun gur féidir leis an bpáirtí is úsáideoir tiachóige a chinneadh cé acu atá nó nach bhfuil liosta cúlghairme MSO barántúil.

— EAA-6.2.10.1-02: An soláthraí sonraí sainaitheantais duine, an soláthraí ríomhdhearbhuithe tréithe cáilithe nó an soláthraí ríomhdhearbhuithe tréithe arna soláthar ag comhlacht earnála poiblí atá freagrach as foinse bharántúil nó thar a cheann, úsáidfidh sé ceann de na modhanna seo a leanas chun sonraí sainaitheantais duine, ríomhdhearbhuithe tréithe cáilithe nó ríomhdhearbhuithe tréithe arna soláthar ag comhlacht earnála poiblí atá freagrach as foinse bharántúil nó thar a cheann a chúlghairm:

— EAA-6.2.10.1-02.1: I gcás ina n-eisíonn siad ríomhdhearbhuithe tréithe gearrshaolacha a bhfuil tréimhse bhailíochta 24 uair an chloig nó níos lú acu, ní bheidh gá le cúlghairm.

— EAA-6.2.10.1-02.2: Sásra liosta stádais dearbhaithe a úsáid chun faisnéis na cúlghairme a ionchódú mar liosta stádais.

— EAA-6.2.10.1-02.2.1: Leis an sásra liosta stádais, cúlghairtear MSO ar bhonn cé acu atá nó nach bhfuil an giotán den suíomh giotáin atá sainithe ag an eisitheoir sa MSO socraithe chun bheith fíor sa liosta stádais.

— EAA-6.2.10.1-02.2.2: Sonraítear an sásra liosta stádais i sonraíocht (draft-ietf-oauth-status-list-20) an liosta stádais comharthaí.

— EAA-6.2.10.1-02.3: Sásra liosta cúlghairme dearbhaithe a úsáid chun faisnéis na cúlghairme a ionchódú mar liosta aitheantóirí.

— EAA-6.2.10.1-02.3.1: Leis an sásra liosta aitheantóirí, cúlghairtear MSO ar bhonn cé acu atá nó nach bhfuil an t-aitheantóir atá sainithe ag an eisitheoir sa MSO ar an liosta aitheantóirí.

— EAA-6.2.10.1-02.3.2: Le EAA-6.2.10.1-06, EAA-6.2.10.1-08, EAA-6.2.10.1-09, EAA-6.2.10.1-10 agus EAA-6.2.10.1-11, sonraítear an sásra liosta aitheantóirí, ar bhonn na gceanglas ó shonraíocht an liosta stádais comharthaí lena n-áirítear an choitiantacht idir an liosta stádais agus an sásra liosta aitheantóirí.

— EAA-6.2.10.1-03: I gcás ina n-úsáidtear eilimint stádais le haghaidh sonraí sainaitheantais duine, ríomhdhearbhuithe tréithe cáilithe nó ríomhdhearbhuithe tréithe arna soláthar ag comhlacht earnála poiblí atá freagrach as foinse bharántúil nó thar a cheann, úsáidfear go heisiach an stádas 'cúlghairthe'.

— EAA-6.2.10.1-03.1: I gcás liosta stádais, tugann sé sin le tuiscint nach n-úsáidfear ach luachanna 'valid' agus 'invalid', mar a shonraítear i sonraíocht an liosta stádais comharthaí.

— EAA-6.2.10.1-03.2: I gcás an liosta aitheantóirí, ní chuirfear ach MSOnna cúlghairthe, seachas MSOnna a chúlgairtear go sealadach, sa liosta aitheantóirí.

— EAA-6.2.10.1-04: I gcás ina gcúlghairtear MSO, cúlghairfear go buan é.

— EAA-6.2.10.1-05: Tá fíorú an liosta cúlghairme MSO roghnach don pháirtí is úsáideoir tiachóige agus i gcás inarb infheidhme, comhlíonfaidh an fíorú sin na ceanglais fíorúcháin a shonraítear i sonraíocht an liosta stádais comharthaí agus sonraíocht an struchtúir stádais a leagtar amach in EAA-6.2.10.1-01.

— EAA-6.2.10.1-05.1: I gcás inar gá do pháirtí is úsáideoir tiachóige a bheith in ann stádas cúlghairme sonraí sainaitheantais duine nó ríomhdhearbhuithe tréithe a fhíorú, tacóidh sé leis an sásra liosta stádais dearbhaithe agus leis an sásra liosta cúlghairme dearbhaithe a leagtar amach in EAA-6.2.10.1-02 araon.

— EAA-6.2.10.1-06: Féadfaidh an eilimint deimhnithe a bheith san identifier_list agus sa status_list sa MSO.

— EAA-6.2.10.1-06.1: I gcás ina mbeidh an eilimint deimhnithe i láthair, beidh deimhniú ann ina mbeidh an eochair phoiblí lenar síníodh nó lenar séalaíodh an deimhniú ardleibhéil san eilimint x5chain i struchtúr liosta cúlghairme an MSO.

— EAA-6.2.10.1-06.1.1: Úsáidfidh ásc an pháirtí is úsáideoir tiachóige an deimhniú sin mar chúltaca iontaoibhe chun an eilimint x5chain i struchtúr liosta cúlghairme an MSO a fhíorú.

— EAA-6.2.10.1-06.2: I gcás nach bhfuil an eilimint deimhnithe i láthair, déanfar an deimhniú barrleibhéil san eilimint x5chain i struchtúr liosta cúlghairme an MSO a shíniú nó a shéalú leis an deimhniú a úsáidtear chun an deimhniú a shíniú in eilimint x5chain an MSO.

— EAA-6.2.10.1-06.2.1: Úsáidfidh ásc an pháirtí is úsáideoir tiachóige an deimhniú sin mar chúltaca iontaoibhe chun an eilimint x5chain i struchtúr liosta cúlghairme an MSO a fhíorú.

— EAA-6.2.10.1-07: Cuirfear liosta cúlghairme MSO chun feidhme i gcomhréir le sonraíocht an liosta stádais comharthaí mar chomhartha liosta stádais i bhformáid CWT.

— EAA-6.2.10.1-08: Maidir leis an liosta cúlghairme MSO le haghaidh an tsásra liosta aitheantóirí agus le haghaidh an tsásra liosta stádais, tá feidhm ag na ceanglais seo a leanas:

  — beidh an maíomh exp ann.

  — d'fhéadfadh an maíomh ttl a bheith ann.

  — féadfaidh an maíomh aggregation_uri sa mhaíomh IdentifierList nó StatusList a bheith ann agus féadfaidh an soláthraí sonraí sainaitheantais duine, an soláthraí ríomhdhearbhuithe tréithe cáilithe, nó an soláthraí

ríomhdhearbhuithe tréithe arna soláthar ag comhlacht earnála poiblí atá freagrach as foinse bharántúil nó thar a cheann an maíomh aggregation_uri a úsáid chun tacaíocht don sásra comhiomlánaithe a léiriú mar a shonraítear i sonraíocht an liosta stádais comharthaí.

— oibiacht COSE_Sign1 a bheidh in CWT agus úsáid á baint as ceann de na halgartaim shíniúcháin seo a leanas chun an síniú a ríomh:

  (a) 'ES256' (ECDSA lena ngabhann cuar NIST P-256 agus SHA-256);

  (b) 'ES384' (ECDSA lena ngabhann cuar NIST P-384 agus SHA-384);

  (c) 'ES512' (ECDSA lena ngabhann cuar NIST P-521 agus SHA-512);

  (d) 'ESB256' (ECDSA lena ngabhann cuar brainpoolP256r1 agus SHA-256);

  (e) 'ESB384' (ECDSA lena ngabhann cuar brainpoolP384r1 agus SHA-384);

  (f) 'ESB512' (ECDSA lena ngabhann cuar brainpoolP512r1 agus SHA-512);

— beidh sa CWT an x5chain sa cheanntásc faoi chosaint ina mbeidh an deimhniú nó an slabhra deimhnithe chun síniú an liosta cúlghairme MSO a fhíorú.

— féadfar úsáid a bhaint as úsáid eochrach leathnaithe an aitheantóra oibiachta a shonraítear i sonraíocht an liosta stádais comharthaí le haghaidh dheimhniú sínithe an liosta stádais agus an liosta aitheantóirí, agus féadfaidh áisc páirtithe is úsáideoirí tiachóige tacú le húsáid eochrach leathnaithe aitheantóirí oibiachta a shonraítear i sonraíocht an liosta stádais comharthaí agus le haghaidh an aitheantóra oibiachta, agus níl an soláthraí ríomhdhearbhuithe tréithe cáilithe, ná an soláthraí ríomhdhearbhuithe tréithe arna soláthar ag comhlacht earnála poiblí nó thar a cheann, leis an réimse úsáide eochrach leathnaithe a dhéanamh criticiúil agus úsáid á baint as an OID úsáide eochrach leathnaithe a shonraítear i sonraíocht an liosta stádais comharthaí.

— EAA-6.2.10.1-09: De dhiallas ó cheanglais shonraíocht an liosta stádais comharthaí, i gcás an tsásra liosta aitheantóirí, tá feidhm ag na ceanglais seo a leanas:

  — is é 'application/identifierlist+cwt' luach an mhaímh type;

  — ní bheidh an maíomh StatusList i dtacar maíomh CWT;

  — beidh an struchtúr IdentifierList a shainítear in EAA-6.2.10.1-11 i láthair mar mhaíomh i dtacar maíomh CWT tríd an eochair 65530 a úsáid.

— EAA-6.2.10.1-10: Struchtúr CBOR a bheidh sa struchtúr IdentifierList lena ngabhann an CDDL seo a leanas:

```
IdentifierList = {

    'identifiers': { * Identifier => IdentifierInfo },

    ? 'aggregation_uri': Aggregation_uri

    * tstr => RFU

}

IdentifierInfo = { tstr/int => RFU }

Identifier = bstr

Aggregation_uri = tstr
```

— EAA-6.2.10.1-10.1: I gcás ina bhfuil an t-aitheantóir in IdentifierList i láthair, cúlghairtear an MSO ina bhfuil an t-aitheantóir san eilimint stádais.

— EAA-6.2.10.1-10.2: Sonraítear an maíomh aggregation_uri i roinn 9.2 de shonraíocht an liosta stádais comharthaí.

— EAA-6.2.10.1-10.3: Is é a bheidh i gcineál inneachair an liosta aitheantóirí 'application/identifierlist+cwt' a leagtar amach sna ceanglais a shonraítear i roinn 8.2 de shonraíocht an liosta stádais comharthaí.

— EAA-6.2.10.1-11: Tá feidhm ag na ceanglais seo a leanas maidir leis an eilimint identifier_list sa MSO (féach EAA-6.2.10.1-17).

— EAA-6.2.10.1-11.1: Is struchtúr CBOR í an eilimint identifier_list lena ngabhann an CDDL seo a leanas:

```
IdentifierListInfo = {

        'id': Identifier ,

        'uri': URI,

        ? 'certificate': Certificate

        * tstr => RFU

}

URI = tstr

Certificate = bstr
```

— EAA-6.2.10.1-11.2: REV-11.2: Ionas nach n-úsáidfear an t-aitheantóir mar chomhghaol ar fud cur i láthair, beidh sé uathúil in aghaidh an MSO.

— EAA-6.2.10.1-12: Tá feidhm ag na ceanglais seo a leanas maidir leis an liosta stádais:

  — EAA-6.2.10.1-12.1: Déanfar an eilimint giotán sa struchtúr StatusList a shocrú ag 1.

— EAA-6.2.10.1-13: Tá feidhm ag na ceanglais seo a leanas maidir leis an eilimint status_list sa MSO (féach EAA-6.2.10.1-17):

  — EAA-6.2.10.1-13.1: Leanfaidh an eilimint status_list na ceanglais maidir leis an struchtúr StatusListInfo mar a shonraítear i sonraíocht an liosta stádais comharthaí agus cuirfear an eilimint deimhnithe roghnach a shainítear in EAA-6.2.10.1-06 isteach.

  — EAA-6.2.10.1-13.2: Ionas nach mbeidh an t-innéacs stádais ina chomhghaol ar fud cur i láthair, beidh an teaglaim den innéacs stádais agus den URI uathúil in aghaidh an MSO.

— EAA-6.2.10.1-14: Úsáidfidh an soláthraí tiachóg an dara ceann (EAA-6.2.10.1-02.2) nó an tríú ceann (EAA-6.2.10.1-02.3) de na modhanna a shonraítear in EAA-6.2.10.1-02 chun dearbhú áisc tiachóige a chúlghairm agus chun dearbhú eochrach a chúlghairm.

— EAA-6.2.10.1-15: Cuirfidh an soláthraí tiachóg na sásraí cúlghairme dearbhaithe a shonraítear in EAA-6.2.10.1-02 chun feidhme ina réiteach tiachóige.

— EAA-6.2.10.1-16: Tacóidh an soláthraí sonraí sainaitheantais duine agus an soláthraí ríomhdhearbhuithe tréithe leis an sásra liosta stádais dearbhaithe agus leis an sásra liosta cúlghairme dearbhaithe a shonraítear in EAA-6.2.10.1-02 araon chun stádas cúlghairme dearbhaithe áisc tiachóige agus dearbhaithe eochrach a fhíorú.

— EAA-6.2.10.1-17: Struchtúr CBOR a bheidh sa struchtúr stádais sa MSO lena ngabhann an CDDL seo a leanas:

Status = {

? 'identifier_list' : IdentifierListInfo,

? 'status_list' : StatusListInfo,

* tstr => RFU

}'

IARSCRÍBHINN V

'IARSCRÍBHINN III

Sonraíochtaí teicniúla dá dtagraítear in Airteagal 10

— Sonraíochtaí teicniúla:

— Clásal 4.2.5 de ETSI TS 119 472-3 V1.1.1 (2026-03).'

IARSCRÍBHINN VI

Leasaítear Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/2979 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 1:

‘1. Formáid shainordaitheach sínithe nó séala:

(a) PAdES (PDF Advanced Electronic Signature) mar a shonraítear in ETSI EN 319 142-1 V1.2.1 (2024-01); Ríomhshínithe agus Ríomhbhonneagair (ESI); Sínithe digiteacha PAdES; Cuid 1: Bloic thógála agus sínithe bonnlíne PAdES.’;

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 3:

‘3. Comhéadan feidhmchláir:
ETSI TS 119 432 v1.3.1 (2026-03) clásail 6.4.3, A.6, A.7 agus A.8.’.

IARSCRÍBHINN VII

‘IARSCRÍBHINN VI

An leagan daite de Thrustmharc na Tiachóige Eorpaí Céannachta Digití



’

IARSCRÍBHINN VIII

‘IARSCRÍBHINN VII

Trustmharc na Tiachóige Eorpaí Céannachta Digití i ndubh agus bán



’

IARSCRÍBHINN IX

'IARSCRÍBHINN VIII

Sonraí Thrustmharc na Tiachóige Eorpaí Céannachta Digití

Sonraí	Tuairisc	Ionchódú	Stádas
TrustMarkResourceURL	URL ghrafaicí Thrustmharc na Tiachóige Eorpaí Céannachta Digití agus acmhainní faisnéise úsáideora i gcomhéadan úsáideora na tiachóige.	URL	sainordaitheach
ListOfCertifiedWalletsURL	URL an liosta phoiblí de réitigh tiachóige dheimhnithe san Aontas mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/849 ([1]) ón gCoimisiún.	URL	sainordaitheach
ListOfCertifiedWalletsQRCode	Cód QR ina bhfuil an fhaisnéis maidir le ListOfCertifiedWalletsURL	ISO-8859-1 Byte mode QR code	roghnach
WalletSolutionInfoPageURL	URL chuig leathanach faisnéise an réitigh tiachóige dheimhnithe i liosta leathanach an réitigh tiachóige dheimhnithe ón URL ListOfCertifiedWalletsURL lena gcuirtear'?' agus aitheantóir WalletSolutionID an réitigh tiachóige.	URL	sainordaitheach
WalletSolutionInfoPageQRCode	Cód QR ina bhfuil an fhaisnéis maidir le WalletSolutionInfoPageURL	ISO-8859-1 Byte mode QR code	roghnach
WalletVerifierToolURL*	URL chuig críochphointe na huirlise fíoraithe tiachóige */.well-known/openid-credential-issuer* a úsáidtear chun meiteashonraí an tsoláthraí dearbhaithe a aisghabháil.	URL	roghnach

([1]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/849 ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2025 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le faisnéis a chur faoi bhráid an Choimisiúin agus an Ghrúpa Comhair maidir le liosta na dTiachóg Eorpach Céannachta Digití deimhnithe (IO L, 2025/849, 7.5.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/849/oj).'

IARSCRÍBHINN X

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/2980 mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinn II, Roinn 1, pointe 1(i):

'(i) deimhniú amháin nó níos mó, a chomhlíonann caighdeán ETSI EN 319 412-2 V2.4.1 (2025-06) nó caighdeán ETSI EN 319 412-3 V1.3.1 (2023-09), is féidir a úsáid chun an síniú nó an séala a chruthaigh an cláraitheoir ar shonraí an chláir a fhíorú, agus dá n-áirítear leis na sonraí céannachta deimhnithe ainm an cláraitheora, agus i gcás inarb infheidhme, uimhir chlárúcháin an cláraitheora, mar a fhoráiltear i bpointí (c) agus (d), faoi seach;';

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinn II, Roinn 2, pointe 1(h):

'(h) deimhniú amháin nó níos mó, a chomhlíonann caighdeán ETSI EN 319 412-2 V2.4.1 (2025-06) nó caighdeán ETSI EN 319 412-3 V1.3.1 (2023-09), is féidir a úsáid chun dearbhuithe aonaid tiachóige a d'eisigh an soláthraí tiachóg a fhíordheimhniú agus a bhailíochtú, agus dá n-áirítear leis na sonraí céannachta deimhnithe ainm, agus i gcás inarb infheidhme, uimhir chlárúcháin an tsoláthraí tiachóg, mar a shonraítear i bpointí (a) agus (b), faoi seach;';

(3) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinn II, Roinn 3, pointe 1(h):

'(h) deimhniú amháin nó níos mó, a chomhlíonann caighdeán ETSI EN 319 412-2 V2.4.1 (2025-06) nó caighdeán ETSI EN 319 412-3 V1.3.1 (2023-09), is féidir a úsáid chun an síniú nó an séala a chruthaigh an soláthraí sonraí sainaitheantais duine maidir leis na sonraí sainaitheantais duine a sholáthraíonn sé a fhíorú, agus dá n-áirítear leis na sonraí céannachta deimhnithe ainm agus, i gcás inarb infheidhme, uimhir chlárúcháin an tsoláthraí sonraí sainaitheantais duine, mar a shonraítear i bpointí (a) agus (b), faoi seach.';

(4) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinn II, Roinn 4, pointe 1(g):

'(g) deimhniú amháin nó níos mó, a chomhlíonann caighdeán ETSI EN 319 412-2 V2.4.1 (2025-06) nó caighdeán ETSI EN 319 412-3 V1.3.1 (2023-09), is féidir a úsáid chun an síniú nó an séala a chruthaigh an soláthraí deimhnithe rochtana páirtí is úsáideoir tiachóige ar an deimhniú rochtana a sholáthraíonn sé do pháirtithe is úsáideoirí tiachóige a fhíorú, i gcás inarb infheidhme, leis an bhfaisnéis is gá chun idirdhealú a dhéanamh idir deimhnithe rochtana páirtí is úsáideoir tiachóige agus deimhnithe eile.';

(5) Cuirtear isteach Iarscríbhinn II, Roinn 5 mar a leanas:

'5. Fógraí maidir le faisnéis faoi sholáthraithe deimhnithe clárúcháin páirtí is úsáideoir tiachóige

1. Soláthróidh na Ballstáit an fhaisnéis seo a leanas don Choimisiún maidir le soláthraithe deimhnithe clárúcháin páirtí is úsáideoir tiachóige:

(a) ainm an tsoláthraí deimhnithe clárúcháin páirtí is úsáideoir tiachóige;

(b) i gcás inarb infheidhme, uimhir chlárúcháin an tsoláthraí deimhnithe clárúcháin páirtí is úsáideoir tiachóige;

(c) an Ballstát ina bhfuil an soláthraí deimhnithe clárúcháin páirtí is úsáideoir tiachóige bunaithe;

(d) seoladh ríomhphoist agus uimhir theileafóin an tsoláthraí deimhnithe clárúcháin páirtí is úsáideoir tiachóige, le haghaidh ábhair a bhaineann leis na deimhnithe clárúcháin a sholáthraíonn sé do pháirtithe is úsáideoirí tiachóige;

(e) i gcás inarb infheidhme, URL leathanach gréasáin an tsoláthraí deimhnithe clárúcháin páirtí is úsáideoir tiachóige ina bhfuil faisnéis bhreise faoin soláthraí agus faoi na deimhnithe clárúcháin a sholáthraíonn sé do pháirtithe is úsáideoirí tiachóige;

(f) URL an leathanaigh gréasáin ar a bhfuil na beartais, na téarmaí agus na coinníollacha is infheidhme maidir le soláthar agus úsáid na ndeimhnithe clárúcháin a sholáthraíonn sé do pháirtithe is úsáideoirí tiachóige;

(g) deimhniú amháin nó níos mó, a chomhlíonann caighdeán ETSI EN 319 412-2 V2.4.1 (2025-06) nó caighdeán ETSI EN 319 412-3 V1.3.1 (2023-09), is féidir a úsáid chun an síniú nó an séala a chruthaigh an soláthraí deimhnithe clárúcháin páirtí is úsáideoir tiachóige ar na deimhnithe clárúcháin a sholáthraíonn sé do pháirtithe is úsáideoirí tiachóige a fhíorú, i gcás inarb infheidhme, leis an bhfaisnéis is gá chun idirdhealú a dhéanamh idir deimhnithe clárúcháin páirtí is úsáideoir tiachóige agus deimhnithe eile.

2. Soláthrófar an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe 1 in aghaidh an tsoláthraí deimhnithe clárúcháin páirtí is úsáideoir tiachóige.’

IARSCRÍBHINN XI

'IARSCRÍBHINN I

Prótacail agus comhéadain dá dtagraítear in Airteagal 4

Beidh feidhm ag an tsonraíocht theicniúil ETSI TS 119 472-3 V1.1.1 (2026-03) leis na hoiriúnuithe seo a leanas:

(1) 4.1 General requirements

— GEN-REQ-4.1-05: ar neamhní

— NÓTA: ar neamhní

(2) 4.2.3 Provision of registration certificates of PID/EAA Provider to EUDI Wallet

— ISS-MDATA-REG_CERT-4.2.3-04: Beidh deimhniú clárúcháin an tSoláthraí PID/EAA i gceann de na heilimintí i bparaiméadar an eagair issuer_info.

— ISS-MDATA-REG_CERT-4.2.3-07: ar neamhní

— ISS-MDATA-REG_CERT-4.2.3-08: ar neamhní

— ISS-MDATA-REG_CERT-4.2.3-09: ar neamhní

— ISS-MDATA-REG_CERT-4.2.3-10: ar neamhní

— ISS-MDATA-REG_CERT-4.2.3-11: ar neamhní

— ISS-MDATA-REG_CERT-4.2.3-12: ar neamhní

— ISS-MDATA-REG_CERT-4.2.3-13: ar neamhní

(3) 4.2.4.2 ARF pre-defined PID/EAA reuse policy

— ISS-MDATA-EAA-REUSE-POL-4.2.4.2-09: I gcás ina bhfuil luach 'arf_annex_ii' ag an mball id agus ina bhfuil an luach 'once_only' nó an luach 'per-relying-party' san eagar atá mapáilte ar an lipéad 'details', ansin beidh uimhir JSON freisin atá mapáilte ar an lipéad 'reissue_trigger_unused' san Oibiacht JSON ina bhfuil an eagar sin atá mapáilte ar an lipéad 'details'.

(4) Ní bheidh feidhm ag Iarscríbhinn A.'

IARSCRÍBHINN XII

'IARSCRÍBHINN II

Sonraíochtaí teicniúla dá dtagraítear in Airteagal 5

Beidh feidhm ag an tsonraíocht theicniúil in Iarscríbhinn C a ghabhann le ISO/IEC 18013-7:2025.

Beidh feidhm ag na sonraíochtaí teicniúla i gclásail 4.1, 4.2, 5 agus 6 de ETSI TS 119 472-2 V1.2.1 (2026-03), leis na hoiriúnuithe seo a leanas, lena n-áirítear clásal nua 4.3 a chur isteach:

(1) 1 Scope

— Sonraítear sa doiciméad seo dhá phróifíl prótacal lena gceadaítear do Pháirtithe is Úsáideoirí (RP anseo feasta) EAAPanna nó Sonraí Aitheantais Phearsanta (PID anseo feasta) a iarraidh ar an Tiachóg EUDI, agus lena gceadaítear don Tiachóg EUDI na EAAPanna/PIDanna a iarradh a sheoladh chuig an RP. Tacaíonn gach ceann de na próifílí le dhá shásra tarchurtha, is iad sin: sásraí lena ngabhann API idirghabhála agus sásraí nach ngabhann API idirghabhála leo, mar a léirítear thíos:

(a) Tá próifíl bunaithe ar an méid seo a leanas:

— ISO/IEC 18013-5 [10] maidir le sásraí tarchurtha nach ngabhann idirghabhálaí API leo, agus iad sin amháin, agus

— Iarscríbhinn C a ghabhann le ISO/IEC 18013-7 [16] maidir le sásraí tarchurtha lena ngabhann idirghabhálaí API.

Tugtar próifíl ISO/IEC-mdoc ar an bpróifíl sin agus sainítear í i gclásal 5 den doiciméad seo.

(b) Tá próifíl bunaithe ar an méid seo a leanas:

OpenID4VC-HAIP [11] le haghaidh sásraí tarchurtha lena ngabhann idirghabhálaí API agus sásraí tarchurtha nach ngabhann idirghabhálaí API leo, mar a leanas:

— Ranna 5, 5.1, 5.3, 7 agus 8 de [11] le haghaidh tarchur trí Atreoruithe nó sásra tarchurtha nach ngabhann idirghabhálaí API leis, agus

— Ranna 5, 5.2, 5.3, 7 agus 8 de [11] le haghaidh sásra tarchurtha lena ngabhann idirghabhálaí API.

Tugtar próifíl OpenID4VC-HAIP ar an bpróifíl sin agus sainítear í i gclásal 6 den doiciméad seo.

(2) 2.1 Normative references

— [15] ISO 639: 'Language code'.

— [16] ISO/IEC 18013-7:2025 'Aitheantas pearsanta – ISO – ceadúnas tiomána comhlíontach – Cuid 7: Feidhmeanna forlíontacha ceadúnas tiomána móibíleach (mDL)'.

(3) 4.1 EAAP implementation based on SD-JWT VC

— EAAP-SD-JWT VC-04: ar neamhní.

(4) 4.2 EAAP implementation based on ISO/IEC-mdoc

— EAAP-ISO/IEC-mdoc-01: ar neamhní.

— Note2: ar neamhní.

— EAAP-ISO/IEC-mdoc-02: ar neamhní.

(5) 4.3 EAAP implementation with mediating API

— EAAP-API-GEN-01: Tacóidh Tiachóg EUDI le API idirghabhálach a thacaíonn leis an dá phrótacal a shainítear i gclásal 5.2 de [11] agus in Iarscríbhinn C de [16].

— NÓTA: I gcás nach dtacaíonn an gaireas ar a bhfuil Tiachóg EUDI suiteáilte leis an dá phrótacal, ní féidir an ceanglas sin a chomhlíonadh agus spreagann sé neamhchomhréireacht mar gheall ar chórais oibriúcháin fholuiteacha agus brabhsálaithe nach gcuireann na gnéithe idir-inoibritheachta is gá chun feidhme.

— EAAP-API-GEN-02: Tacóidh an Tiachóg EUDI le API idirghabhálach i gcás cineálacha PID agus EAA ar a laghad atá cláraithe sa chatalóg scéimeanna mar a shainmhínítear i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1569, agus ar a laghad i gcás na bhformáidí uile a shainítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2979.

— NÓTA 1: An córas oibriúcháin foluiteach, an brabhsálaí, APInna idirghabhálacha, nó sraith theicniúil ar bith eile nach bhfuil smacht ag an Tiachóg EUDI uirthi, i gcás ina ndéanann siad na formáidí dintiúir, agus na cineálacha PID agus EAA atá cláraithe sa chatalóg scéimeanna, a shrianadh, a scagadh, a réamhroghnú nó srian a chur leo ar shlí eile, ní féidir an ceanglas sin a chomhlíonadh. I gcás ina gcuireann srian den sórt sin cosc ar an Tiachóg EUDI tacú le cineál nó formáid dintiúir chláraithe, is é is cúis leis an neamh-chomhréireacht a eascraíonn as sin mainneachtain na gcóras oibriúcháin foluiteach sin, na mbrabhsálaithe, na APInna idirghabhálacha, nó sraitheanna teicniúla ábhartha eile na gnéithe idir-inoibritheachta is gá a sholáthar.

(6) 4.4 Wallet-relying party validation and overasking checks

— WRP-VALIDATION-01: Déanfaidh an Tiachóg EUDI an deimhniú clárúcháin páirtí is úsáideoir tiachóige a fuarthas san iarraidh a bhailíochtú sula gcuirfidh sí aon PID nó aon ríomhdhearbhú tréithe a iarradh faoi bhráid an úsáideora tiachóige lena bhformheas.

— WRP-VALIDATION-02: I gcás ina dteipfidh ar bhailíochtú an deimhnithe clárúcháin páirtí is úsáideoir tiachóige, lena n-áirítear i gcás ina mbeidh an deimhniú imithe in éag, i gcás ina mbeidh sé cúlghairthe, i gcás nach mbeidh sé eisithe ag soláthraí iontaofa bailí deimhnithe clárúcháin páirtí is úsáideoir tiachóige, i gcás ina mbeidh sé míchumtha, nó i gcás nach féidir é a fhíorú go cripteagrafach, tabharfaidh an Tiachóg EUDI rabhadh don úsáideoir tiachóige nach bhféadfaí an páirtí is úsáideoir tiachóige a bhailíochtú agus ní chuirfidh sé an iarraidh i láthair mar iarraidh a bailíochtaíodh go rathúil. Déanfaidh an t-úsáideoir tiachóige iarraidh an pháirtí is úsáideoir a fhormheas go sainráite. Mura gcuirtear tic sna boscaí nó má chuirtear tic iontu roimh ré, ní leor sin chun formheas sainráite a fháil.

— WRP-VALIDATION-03: Cinnfidh an soláthraí tiachóg, ar bhonn a anailíse riosca agus a bheartais slándála, cé acu a fhéadfaidh nó nach bhféadfaidh an t-úsáideoir tiachóige seiceálacha bailíochtaithe ar theip orthu a sheachaint agus cad iad na coinníollacha faoina bhféadfar iad a sheachaint.

— WRP-OVERASKING-01: Cuirfidh an Tiachóg EUDI na dearbhuithe agus na tréithe arna n-iarraidh ag an bpáirtí is úsáideoir tiachóige i gcomparáid leis na dearbhuithe agus na tréithe cláraithe sa deimhniú clárúcháin páirtí is úsáideoir tiachóige.

— WRP-OVERASKING-02: I gcás ina n-iarrfaidh an páirtí is úsáideoir tiachóige PID nó ríomhdhearbhuithe tréithe nó maímh nach gcumhdaítear leis an deimhniú clárúcháin páirtí is úsáideoir tiachóige, tabharfaidh an Tiachóg EUDI rabhadh soiléir don úsáideoir tiachóige sula nochtfar iad. Sainaithneofar leis an rabhadh go bhfuil níos mó faisnéise á hiarraidh ag an bpáirtí is úsáideoir tiachóige ná mar atá cláraithe aige. Déanfaidh an t-úsáideoir tiachóige iarraidh an pháirtí is úsáideoir a fhormheas go sainráite. Mura gcuirtear tic sna boscaí nó má chuirtear tic iontu roimh ré, ní leor sin chun formheas sainráite a fháil.

— WRP-OVERASKING-03: Cinnfidh an soláthraí tiachóg, ar bhonn a anailíse riosca, a bheartais slándála agus an dlí is infheidhme, cé acu a fhéadfaidh nó nach bhféadfaidh an t-úsáideoir tiachóige leanúint ar aghaidh d'ainneoin an rabhaidh sin, cé acu a fhéadfar nó nach bhféadfar an fothacar sonraí iarrtha a chumhdaítear leis an deimhniú clárúcháin, agus an fothacar sin amháin, a nochtadh, nó cé acu a dhiúltófar nó nach ndiúltófar don iarraidh.

(7) 5.1 Introduction

— Sainítear i gClásal 5 agus ina fhochlásail próifíl le haghaidh prótacail lena gceadaítear do RP EAAPanna nó PIDanna a iarraidh ar an Tiachóg EUDI, agus lena gceadaítear don Tiachóg EUDI na EAAPanna nó na PIDanna a iarradh a sheoladh chuig an RP trí úsáid a bhaint as sásra tarchurtha nach ngabhann idirghabhálaí API leis, arna thógáil ar ISO/IEC 18013-5 [10], nó sásra tarchurtha lena ngabhann idirghabhálaí API, arna thógáil ar Iarscríbhinn C a ghabhann le ISO/IEC 18013-7 [16], chun na struchtúir sonraí a shainítear in ISO/IEC 18013-5 [10] atá imchochlaithe go cuí a aistriú.

— Eagraítear an chuid eile de chlásal 5 mar a leanas:

— Sainítear i gclásal 5.2 ceanglais maidir le tacaíocht ó RPanna agus ón Tiachóg EUDI don phróifíl agus na sásraí tarchurtha;

— Sonraítear i gclásal 5.3 ceanglais atá sonrach don sásra tarchurtha nach ngabhann idirghabhálaí API leis;

— Sonraítear i gclásal 5.4 agus a fhochlásail ceanglais atá sonrach don sásra tarchurtha lena ngabhann idirghabhálaí API.

(8) 5.2 Requirements on EUDI Wallet and RP support

— ISO/IEC 18013-SUPPORT-01: Ní thacóidh Aonaid Tiachóige, Soláthraithe PID, Soláthraithe Dearbhuithe, Soláthraithe Tiachóg, ná Páirtithe is Úsáideoirí le haisghabháil freastalaí mar a shonraítear in ISO/IEC 18013-5 [10] chun PID nó tréithe dearbhuithe a iarraidh agus a chur i láthair.

— ISO/IEC 18013-SUPPORT-02: Comhlíonfaidh an Tiachóg EUDI na ceanglais a shainítear i gclásail 5.3 agus 5.4 den doiciméad seo.

— ISO/IEC 18013-SUPPORT-04: Ba cheart do Pháirtí is Úsáideoir an phróifíl a shainítear i gclásal 5.4 den doiciméad seo a chur chun feidhme.

(9) 5.3.2 ISO/IEC-mdoc EAAP Request contents

— ISO/IEC 18013-5-REQ-04: Beidh an péire eochairluacha ‘requestInfo’ a shonraítear i gclásal 8.3.2.1.2.1 de [10] in iarrataí gairis a sheoltar chuig Tiachóga EUDI. Faisnéis de chineál RequestInfo a bheidh i luach an phéire sin.

— ISO/IEC 18013-5-REQ-05: Beidh an cineál RequestInfo mar a thaispeántar thíos leis an sainmhíniú ar CDDL.

RequestInfo = {

‘euWrprc’: bstr ; tá deimhniú clárúcháin ann (féach na ceanglais thíos)

}

— ISO/IEC 18013-5-REQ-06: Sa bhall requestInfo a luaitear, beidh ball ar a mbeidh an lipéad ‘euWrprc’

— ISO/IEC 18013-5-REQ-07: Deimhniú clárúcháin CBOR-ionchódaithe a bheidh i luach an ‘euWrprc’.

— ISO/IEC 18013-5-REQ-08: ar neamhní.

— NÓTA 3: ar neamhní.

— ISO/IEC 18013-5-REQ-09: ar neamhní.

— ISO/IEC 18013-5-REQ-10: ar neamhní.

— ISO/IEC 18013-5-REQ-11: ar neamhní.

(10) 5.3.3 ISO/IEC-mdoc EAAP Response profile

— Sainítear sa chlásal seo ceanglais maidir leis an gcineál teachtaireachta DeviceResponse, atá i gcoiteann ag an dá chineál sásraí tarchurtha (sásraí lena ngabhann idirghabhálaí API agus sásraí nach ngabhann idirghabhálaí API leo).

— NÓTA 1: I gcás ina n-úsáidtear sásra nach ngabhann idirghabhálaí API leis arna thógáil ar ISO/IEC 18013-5 [10], is ásc díreach é Freagairt EAAP de DeviceResponse mar a mhínítear sa chlásal seo. I gcás ina n-úsáidtear sásra lena ngabhann idirghabhálaí API arna thógáil ar Iarscríbhinn C a ghabhann le ISO/IEC 18013-7 [16], tá an t-ásc DeviceRequest imchochlaithe mar a shonraítear in Iarscríbhinn C a ghabhann le [16].

— ISO/IEC 18013-5-RESP-02: Ní áireoidh soláthraí na sonraí sainaitheantais duine agus na ríomhdhearbhuithe tréithe aon eilimint sonraí sa léarscáil KeyAuthorizations in Oibiacht Slándála Soghluaiste na sonraí sainaitheantais duine agus na ríomhdhearbhuithe tréithe a eisíonn siad, cé is moite d'eilimintí sonraí a sholáthraíonn an páirtí is úsáideoir tiachóige sna sonraí idirbheartaíochta san iarraidh mdoc atá le síniú nó le séalú ag an aonad tiachóige trí úsáid a bhaint as eochair phríobháideach na sonraí sainaitheantais duine nó na ríomhdhearbhuithe tréithe.

— NÓTA 2: Mar thoradh air sin, ní féidir le haonaid tiachóige aon eilimint sonraí atá sínithe ag gaireas a chur i láthair páirtithe is úsáideoirí tiachóige, ach amháin chun sonraí a shíniú a sholáthair an páirtí is úsáideoir tiachóige, mar shampla i gcásanna úsáide le haghaidh fíordheimhniú slán úsáideora.

— NÓTA 3: Ní shonraítear in ISO/IEC 18013-5:2021 an chaoi ar féidir le páirtithe is úsáideoirí tiachóige sonraí idirbheartaíochta a chuimsiú in iarraidh mdoc. Déanfar sonraí idirbheartaíochta a chuimsiú in iarraidh mdoc trí shonraíochtaí teicniúla a chur léi.

— ISO/IEC 18013-5-RESP-03: Ní cheadóidh soláthraithe sonraí sainaitheantais duine d'eochair phríobháideach na sonraí sainaitheantais duine eilimintí sonraí a sholáthraíonn an páirtí is úsáideoir tiachóige sna sonraí idirbheartaíochta san iarraidh mdoc a shíniú.

(11) 5.4 Requirements for API mediated mechanism

5.4.1 ISO/IEC 18013-7-related requirements

Sainítear sa chlásal seo ceanglais maidir leis an sásra tarchurtha lena ngabhann idirghabhálaí API a bhaineann leis na ceanglais a shainítear in Iarscríbhinn C a ghabhann le [16].

— ISO/IEC 18013-7-API-01: An phróifíl a thacaíonn le cuir i láthair lena ngabhann idirghabhálaí API, comhlíonfaidh sí na ceanglais in Iarscríbhinn C a ghabhann le ISO/IEC 18013-7 [16] mar a mhínítear a thuilleadh i gclásail 5.3 agus 5.4 den doiciméad seo.

— ISO/IEC 18013-7-API-02: Beidh feidhm ag na ceanglais shainordaitheacha uile a shainítear in Iarscríbhinn C a ghabhann le [16] mar a mhínítear a thuilleadh i gclásail 5.3 agus 5.4 den doiciméad seo.

— ISO/IEC 18013-7-API-03: Leanfaidh na ceanglais roghnacha uile a shainítear in Iarscríbhinn C a ghabhann le [16] de bheith roghnach mura sonraítear a mhalairt sa doiciméad seo.

(12) 5.4.2 Additional requirements

— Sonraítear sa chlásal seo ceanglais bhreise maidir leis an sásra tarchurtha lena ngabhann idirghabhálaí API.

— ISO/IEC 18013-ADD-API-01: Nochtfaidh an Tiachóg EUDI, mar réamhshocrú, láithreacht gach cineál ríomhdhearbhaithe tréithe stóráilte don API idirghabhálach a oibríonn i gcomhréir le hIarscríbhinn C a ghabhann le [16], ach ní nochtfaidh sí na tréithe agus a luachanna sna ríomhdhearbhuithe tréithe sin.

— NÓTA 1: Tá feidhm ag an srian ar luach tréithe fiú dá gcuirfeadh nochtadh den sórt sin feabhas ar na seirbhísí a sholáthraíonn an Córas Oibriúcháin don Tiachóg EUDI, mar shampla, roghnú dearbhuithe i gcomhthéacs an API idirghabhálaigh.

— Tá na breithnithe a bhaineann le córais oibriúcháin agus brabhsálaithe ann nach bhfuil smacht ag feidhmeoirí orthu, ar féidir iad a chur san áireamh mar a léirítear sna nótaí 2 go 4 seo a leanas:

— NÓTA 2: Is féidir leis an mbrabhsálaí agus/nó leis an gCóras Oibriúcháin iarraidh ar chur i láthair ó Pháirtí is Úsáideoir a thacaíonn le hIarscríbhinn C a ghabhann le [16] a phróiseáil chun EAAnna atá ar fáil a chuardach, chun calaois atá dírithe ar an Úsáideoir a chosc, nó chun críoch fabhtcheartaithe.

— NÓTA 3: Tá coinne leis go ndéanfaidh an brabhsálaí agus/nó an Córas Oibriúcháin iarraidh ar chur i láthair ó Pháirtí is Úsáideoir a thacaíonn le hIarscríbhinn C a ghabhann le [16] a phróiseáil chun críocha shlándáil an Úsáideora.

— NÓTA 4: Tá coinne leis nach ndéanfaidh an brabhsálaí agus/ná an Córas Oibriúcháin iarraidh ar chur i láthair ó Pháirtí is Úsáideoir a thacaíonn le hIarscríbhinn C a ghabhann le [16] a phróiseáil chun críoch anailíse margaidh (lena n-áirítear déanamh amhlaidh mar chuspóir tánaisteach) nó chun críocha inmheánacha an bhrabhsálaí agus/nó an Chórais Oibriúcháin.

— ISO/IEC 18013-ADD-API-02: I gcás ina scriosann an Tiachóg EUDI, arna iarraidh sin don Úsáideoir, PID nó EAA a nochtadh roimhe sin don API idirghabhálach a oibríonn i gcomhréir le hIarscríbhinn C a ghabhann le [16], nochtfaidh an Tiachóg EUDI nach stórálann sí an PID nó EAA sin a thuilleadh don API idirghabhálach.

— ISO/IEC 18013-ADD-API-03: Má dhíshuiteálann an tÚsáideoir a Thiachóg EUDI, nochtfaidh an Tiachóg EUDI nach stórálann sí a thuilleadh aon PID nó EAA(nna) a nochtadh roimhe sin don API idirghabhálach a oibríonn i gcomhréir le hIarscríbhinn C a ghabhann le [16].

— ISO/IEC 18013-ADD-API-04: Soláthróidh an Tiachóg EUDI socrú úsáideora ginearálta chun nochtadh EAAnna stóráilte a dhíchumasú trí API idirghabhálach a oibríonn mar a shonraítear in ISO/IEC 18013-ADD-API-01. Nuair a bheidh an socrú sin díchumasaithe, ní fhógróidh ná ní fhreagróidh an Tiachóg EUDI na hiarrataí ar chur i láthair nó ar eisiúint lena ngabhann idirghabhálaí API.

— ISO/IEC 18013-ADD-API-05: Fíoróidh Tiachóga EUDI i sreafaí trasghairis, trí úsáid a bhaint as an API idirghabhálach, go bhfuil an gaireas idirghníomhach i ndlúthghaireacht fhisiceach don Tiachóg EUDI trí úsáid a bhaint as cainéal cumarsáide áitiúil atá slán, díreach agus faoi stiúir an úsáideora, amhail teicneolaíocht chumarsáide ghearr-raoin gan sreang chun an tseiceáil gaireachta fisicí a dhéanamh.

— NÓTA: Le CTAP 2.3, is féidir BLE a úsáid chun an tseiceáil gaireachta fisicí a dhéanamh agus, nuair a chuirtear chun feidhme leis an dá ghaireas é, is féidir na sonraí a iompar idir na gairis freisin trí theicneolaíochtaí tarchurtha gearr-raoin. An tseiceáil gaireachta fisicí agus an t-aistriú sonraí idir an dá ghaireas araon a dhéanamh trí úsáid a bhaint as cainéal cumarsáide áitiúil arna chumasú le CTAP 2.3, ba cheart an méid sin a bheith ar an rogha thosaíochta i gcás córais oibriúcháin fholuiteacha, brabhsálaithe, APInna idirghabhálacha, nó sraith theicniúil ar bith eile nach bhfuil smacht ag an Tiachóg EUDI uirthi, seachas seirbhísí tolláin hibridigh CTAP a úsáid.

(13) 6.2 Requirements on EUDI Wallet and RP support

— OIDFVP-HAIP-SUPPORT-02: Comhlíonfaidh an Tiachóg EUDI na ceanglais a shonraítear i gclásal 6.5 den Iarscríbhinn seo.

— OIDFVP-HAIP-SUPPORT-03: Níor cheart don Tiachóg EUDI tacú leis an sásra atá bunaithe ar atreorú a shonraítear i gclásal 6.4 le haghaidh sreafaí cur i láthair trasghairis.

— NÓTA 3: Baineann baol ionsaithe le húsáid an tsásra sin, amhail fosú seisiúin. Is faoi na páirtithe is úsáideoirí atá sé ionsaithe den sórt sin a mhaolú. Le cur chun feidhme an tsásra sin, níor cheart neamhchomhlíonadh a spreagadh.

— OIDFVP-HAIP-SUPPORT-05: Comhlíonfaidh Páirtí is Úsáideoir na ceanglais a shonraítear i gclásal 6.5 den Iarscríbhinn seo.

— NÓTA 5: ar neamhní.

(14) 6.3.1. General requirements

— OIDFVP-HAIP-GEN-01: Beidh feidhm ag na ceanglais shainordaitheacha uile a shonraítear i gclásail 5, 5.3, 7 agus 8 de HAIP [11].

— NÓTA 1: Le ‘HAIP [11] Roinn 5’ ní thagraítear ach amháin do na ceanglais atá go díreach faoi cheannteideal Roinn 5. Ní áirítear leis sin ranna 5.1, 5.2 agus 5.3.

— OIDFVP-HAIP-GEN-03: Má mhodhnaíonn an Iarscríbhinn seo ceanglas in OpenID4VC-HAIP [11], beidh forlámhas ag an gceanglas modhnaithe a shonraítear san Iarscríbhinn seo.

— NÓTA 2: D’fhágfadh sé sin, mar shampla, go bhféadfaí ceanglas roghnach ó OpenID4VC-HAIP [11] a thiontú ina cheanglas sainordaitheach, nó ceanglais shainordaitheacha a leathnú.

— OIDFVP-HAIP-GEN-04: I gcás ina gcomhlíonann formáid an dearbhaithe iarrtha [10], comhlíonfaidh Páirtithe is Úsáideoirí agus Tiachóga EUDI an phróifíl 'ISO mdocs' in [11], Roinn 6.

— NÓTA 3: Ar mhaithe le soiléire: tugtar le tuiscint leis an 'bpróifíl ISO mdocs' in HAIP nach mór do Pháirtithe is Úsáideoirí agus do Thiachóga EUDI na ceanglais is infheidhme in [7], Iarscríbhinn B.2., a chomhlíonadh.

— OIDFVP-HAIP-GEN-05: I gcás ina gcomhlíonann formáid an dearbhaithe iarrtha [2], comhlíonfaidh Páirtithe is Úsáideoirí agus Tiachóga EUDI an phróifíl 'IIETF SD-JWT VCs' in [11], Roinn 6.

— NÓTA 4: Ar mhaithe le soiléire: tugtar le tuiscint leis an 'bpróifíl IETF SD-JWT VCs' nach mór do Pháirtithe is Úsáideoirí agus do Thiachóga EUDI na ceanglais in [7], Iarscríbhinn B.3., chomh maith leis na ceanglais in [11], Roinn 6.1, a chomhlíonadh.

(15) 6.3.2.1 General requirements

— OIDFVP-HAIP-COMMON-REQ-01: ar neamhní.

(16) 6.3.2.2 Requirements for the Request Object

— OIDFVP-HAIP-COMMON-REQ-RO-02: ar neamhní

— OIDFVP-HAIP-COMMON-REQ-RO-03: ar neamhní

— OIDFVP-HAIP-COMMON-REQ-RO-04: ar neamhní

— OIDFVP-HAIP-COMMON-REQ-RO-05: ar neamhní

— OIDFVP-HAIP-COMMON-REQ-RO-06: ar neamhní.

— OIDFVP-HAIP-COMMON-REQ-RO-07: ar neamhní

— OIDFVP-HAIP-COMMON-REQ-RO-08: ar neamhní

— OIDFVP-HAIP-COMMON-REQ-RO-09: ar neamhní

— OIDFVP-HAIP-COMMON-REQ-RO-10: ar neamhní

— OIDFVP-HAIP-COMMON-REQ-RO-11: ar neamhní

— OIDFVP-HAIP-COMMON-REQ-RO-12: ar neamhní

— Nóta 2: ar neamhní

— OIDFVP-HAIP-COMMON-REQ-RO-13: Áireofar an deimhniú clárúcháin i gceann de na heilimintí den pharaiméadar verifier_info.

— OIDFVP-HAIP-COMMON-REQ-RO-23: Is deimhniú rochtana RP mar a shonraítear in ETSI TS 119 475 [14] a bheidh sa deimhniú duilleoige a luaitear i roinn 5.9.3 de OpenID4VP atá le húsáid le x509_hash Client Identifier Prefix.

(17) 6.3.3 Authorization Response (EAAP response) profile

— OIDFVP-HAIP-COMMON-RESP-01: ar neamhní.

(18) 6.4.1 General requirements

— OIDFVP-HAIP-REDIRECTS-04: ar neamhní.

— NÓTA: ar neamhní.

(19) 6.5.2 Additional requirements

— OIDFVP-HAIP-ADD-API-01: Nochtfaidh an Tiachóg EUDI, mar réamhshocrú, láithreacht gach cineál EAA stóráilte don API idirghabhálach a oibríonn i gcomhréir le clásal 5.2 de [11], ach ní nochtfaidh sí na tréithe agus a luachanna sna EAAnna sin.

— OIDFVP-HAIP-ADD-API-04: Má thacaíonn an Tiachóg EUDI le API idirghabhálach a oibríonn mar a shonraítear in OIDFVP-HAIP-ADD-API-01, soláthróidh sí socrú úsáideora ginearálta chun nochtadh EAAnna stóráilte a dhíchumasú tríd an API idirghabhálach. Nuair a shocraítear an socrú sin chuig nochtadh díchumasaithe, ba cheart don Tiachóg EUDI é a chur ar a chumas don Úsáideoir ina dhiaidh sin dearbhuithe aonair a roghnú lena nochtadh don API idirghabhálach.

— OIDFVP-HAIP-ADD-API-05: Fíoróidh Tiachóga EUDI, i sreafaí trasghairis, trí úsáid a bhaint as an API idirghabhálach, go bhfuil an gaireas idirghníomhach i ndlúthghaireacht fhisiceach don Tiachóg EUDI trí úsáid a bhaint as cainéal cumarsáide áitiúil atá slán, díreach agus faoi stiúir an úsáideora, amhail teicneolaíocht chumarsáide ghearr-raoin gan sreang chun an tseiceáil gaireachta fisicí a dhéanamh.

— NÓTA 5: Le CTAP 2.3, is féidir BLE a úsáid chun an tseiceáil gaireachta fisicí a dhéanamh agus, nuair a chuirtear chun feidhme leis an dá ghaireas é, is féidir na sonraí a iompar idir na gairis freisin trí theicneolaíochtaí tarchurtha gearr-raoin. An tseiceáil gaireachta fisicí agus an t-aistriú sonraí idir an dá ghaireas araon a dhéanamh trí úsáid a bhaint as cainéal cumarsáide áitiúil arna chumasú le CTAP 2.3, ba cheart an méid sin a bheith ar an rogha thosaíochta i gcás córais oibriúcháin fholuiteacha, brabhsálaithe, APInna idirghabhálacha, nó sraith theicniúil ar bith eile nach bhfuil smacht ag an Tiachóg EUDI uirthi, seachas seirbhísí tolláin hibridigh CTAP a úsáid.

(20) 6.5.3 Specific requirements when requesting ISO/IEC 18013-5 EAAP

— OIDFVP-HAIP-ISO/IEC_18013_5_REQ-02: Na ceanglais uile a shonraítear sa doiciméad seo is infheidhme maidir le struchtúir Iarrata Gairis agus Freagartha Gairis a shonraítear in ISO/IEC 18013-5, tá feidhm acu freisin nuair a fhaigheann an Tiachóg EUDI iarraidh ar chur i láthair ISO/IEC mdoc trí shásra a dtarchuireann API é a shonraítear i gclásal C.1 de [16].'